# Treoirlínte do Bhunscoileanna

# Ag Tacú le Daltaí i Scoileanna Príomhshrutha a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Treoirlínte do Bhunscoileanna – ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu 3**

**Réamhrá 3**

**Eolas ar na treoirlínte seo....................3**

**1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú?....................4**

**2. Céard iad príomhghnéithe na samhla leasaithe maidir le tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a leithdháileadh? ....................4**

**3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail leithdháilte leasaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach?....................5**

Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu....................6

**Céim 1: Conas is féidir linn riachtanais a aithint?....................6**

**Céim 2: Conas is féidir linn freastal ar riachtanais? ....................12**

**Céim 3: Cad é mar is féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cad é mar is féidir linn sin a thaifeadadh?....................17**

**4Cén dóigh is fearr is féidir le scoileanna acmhainní teagasic a leithdháileadh chun riachtanais a shásamh?....................18**

**5. Cur chuige na scoile uile maidir le soláthar éifeachtach le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais a**

**Oideachas Cuimsitheach** .................... Error! Bookmark not defined.

**Pleanáil na Scoile Uile....................21**

**Ról an phríomhoide**

**Rannpháirtíocht Tuismitheoirí**.................... Error! Bookmark not defined.

**Rannpháirtíocht le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha** Error! Bookmark not defined.

**Athruithe 27**

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)....................28**

**Aguisín 1: Spriocanna a leagan amach mar chuid den chreat réiteach fadhbanna ....................30**

**Aguisín 2: Plean Soláthair Scoile do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais....................31**

**Aguisín 3: Cás-staidéir ón tionscadal píolótach ....................33**

**Aguisín 4: Sampla den tslí a d'fhéadfaí an múnla leithdháilte teagaisc oideachais speisialta athbhreithnithe a chur i bhfeidhm i suíomh scoile....................37**

**Aguisín 5: Comhairle do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna faoi cur i bhfeidhm an mhúnla athbhreithnithe maidir le oideachas speisialta a imlonnú ....................43**

**Aguisín 6: Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna (LAOS) ....................45**

**Aguisín 7: Ceistneoir féinmhachnamhach....................46**

**Aguisín 8: Rannpháirtíocht Tuismitheoirí ....................52**

**Cáipéisí Acmhainní....................53**

## Treoirlínte do Bhunscoileanna – ag Tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu

## Réamhrá

Is é príomhchuspóir an doiciméid seo ná treoir a chur ar fáil do scoileanna maidir le hacmhainní breise teagaisc le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a úsáid, a eagrú agus a dháileadh. Tugtar an treoir seo i gcomhthéacs na samhla leasaithe maidir le hacmhainní teagaisc do riachtanais speisialta a leithdháileadh a thabharfaidh an Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn) isteach i Meán Fómhair, 2017. Tá sé beartaithe go gcuirfidh na treoirlínte seo leis an dea-chleachtas atá i scoileanna cheana féin chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Cuirtear soláthar ardchaighdeáin do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu laistigh de chreat ionchuimsitheach na scoile uile a leagann béim ar theagasc agus ar fhoghlaim éifeachtach do chách agus ar chomhoibriú agus caidreamh maith idir scoileanna, tuismitheoirí 1 agus daltaí.

## Eolas ar na treoirlínte seo

Léiríonn na treoirlínte seo dea-chleachtas in oideachas do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cuirtear ar fáil iad chun cabhrú le scoileanna agus iad ag plé leis na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú?
2. Céard iad príomhghnéithe na samhla leithdháilte leasaithe?
3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail leithdháilte leasaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach?

   Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu:

   - Conas is féidir linn riachtanais a **aithint**?
   - Conas is féidir linn **freastal** ar riachtanais?
   - Conas is féidir linn **monatóireacht** a dhéanamh ar dhul chun cinn agus dul chun cinn a **thuairisciú**?

4. Conas is féidir le scoileanna acmhainní teagaisc le haghaidh oideachas speisialta a leithdháileadh ar an mbealach is fearr agus is féidir chun freastal ar riachtanais?

5. Conas is féidir le cur chuige na scoile uile cur le soláthar éifeachtach a chur ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?

## 1. Cén fáth a bhfuil an tsamhail leithdháilte ag athrú?

Léiríodh roinnt easnamh ar chóras leithdháilte acmhainní teagaisc le haghaidh oideachas speisialta do scoileanna i dTuarascáil na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Soláthar do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu *Bealach níos fearr agus níos cothroime* (CNOS 2014). Ar an mbunús seo, moladh samhail leithdháilte leasaithe. Tar éis píolótú, ar éirigh leis, a dhéanamh in daichead a seacht scoil, idir bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, le linn na scoilbhliana 2015–2016, chinn an Roinn Oideachais agus Scileanna go dtabharfaí samhail leithdháilte leasaithe isteach le haghaidh na scoileanna príomhshrutha go léir ó Mheán Fómhair, 2017.

Tugtar sonraí iomlána an Leithdháilte leasaithe do Theagasc Oideachas Speisialta i gCiorclán Oideachais Speisialta 0013/2017.

## 2. Céard iad príomhghnéithe na samhla leasaithe maidir le tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a leithdháileadh?

Faoin tsamhail leasaithe, cuireann an Roinn tacaíocht teagaisc le haghaidh oideachas speisialta ar fáil go díreach do na scoileanna bunaithe ar a bpróifílí oideachais (lena n-áirítear comhchuid bhonnlíne). Ciallaíonn sé sin go bhféadfar socruithe foirne seasmhacha a dhéanamh sa scoil thar roinnt blianta. Tugann sé níos mó neamhspleáchais do scoileanna sa chaoi is go mbeidh siad in ann acmhainní teagaisc a leithdháileadh ar bhealach solúbtha, bunaithe ar riachtanais daltaí gan gá le míchumas a bheith diagnóisithe. Is é an príomhphrionsabal atá mar bhonn taca faoin tsamhail leasaithe ná go gcuirfear fáilte roimh gach dalta, is cuma má tá riachtanais speisialta oideachais aige nó aici, agus go gcuirfear ar chumas gach dalta clárú ina scoil áitiúil. Príomhchuspóir eile is ea go mbainfear an leas is fearr agus is féidir as acmhainní teagaisc le haghaidh oideachas speisialta chun eispéiris foghlama agus torthaí oideachais a fheabhsú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

## 3. Conas is féidir le scoileanna an tsamhail leithdháilte leasaithe a chur i bhfeidhm go héifeachtach?

Ba cheart do scoileanna na prionsabail uileghabhálacha seo a leanas a úsáid mar threoir do chur i bhfeidhm na samhla leasaithe maidir le tacaíocht teagaisc don oideachas speisialta a leithdháileadh. Aithníonn an Roinn go bhfuil na prionsabail agus na cleachtais seo i bhfeidhm ina lán scoileanna cheana féin.

**Prionsabail chun an próiseas cur chun feidhme a threorú**

- Ba cheart úsáid a bhaint as acmhainní a chuirtear ar fáil chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu le scoileanna fíor-ionchuimsitheacha a fhorbairt
- Ba cheart an tacaíocht a chuirfí ar fáil do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith bunaithe ar a riachtanais aitheanta agus ba cheart athbhreithnithe rialta ar dhul chun chinn a chur san áireamh ina leith sin (i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí agus na daltaí) mar a leagtar amach sa Chontanam de Threoirlínte Tacaíochta.
- Is faoin múinteoir ranga go príomha atá dul chun cinn agus cúram na ndaltaí go léir sa seomra ranga, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.
- Níor cheart tacaíocht teagaisc le haghaidh oideachas speisialta a chuirtear ar fáil do scoileanna a úsáid ach amháin chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aitheanta acu, lena n-áirítear leo siúd a bhfuil Béarla mar Theanga Bhreise acu. **Ní féidir** an tacaíocht teagaisc le haghaidh oideachas speisialta a úsáid chun an cóimheas idir daltaí agus múinteoirí a laghdú i ranganna príomhshrutha.
- Ba cheart rochtain a bheith ag na daltaí a bhfuil na riachtanais is mó acu ar na leibhéil tacaíochta is mó agus, go hidéalach, go bhfaighidís tacaíocht leanúnach ó mhúinteoirí a bhfuil an saineolas cuí acu.
- Ba cheart do scoileanna a bhfuil níos mó ná múinteoir tacaíochta amháin iontu lárfhoireann de mhúinteoirí a bhunú chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Ba chóir an taithí riachtanach agus rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach a bheith ag gach ball chun tacú le riachtanais éagsúla na scoláirí ag a bhfuil riachtanais oideachais speisialta.

Déantar na prionsabail seo a inúchadh tríd an gcaipéis seo, rud a chábhróidh cur chuige uile scoile a sholáthar chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Próiseas trí chéim chun tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta acu

Sa mhír seo leagtar amach an próiseas trí chéim lena dtreorófar aithint, idirghabháil agus monatóireacht torthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

### Céim 1: Conas is féidir linn riachtanais a aithint?

Sa chéad chéim, leagtar amach an próiseas chun riachtanais speisialta oideachais a aithint ag úsáid an Chontanaim Tacaíochta. Ina dhiaidh sin, tugtar treoir maidir le hidirghabháil a phleanáil.

**An Contanam Tacaíochta**

Leag an Roinn amach Creat an Chontanaim Tacaíochta chun cabhrú le scoileanna riachtanais daltaí a aithint agus chun cabhrú leo freastal ar na riachtanais seo. Aithnítear sa chreat seo go dtarlaíonn riachtanais speisialta oideachais ar Chontanam, ó mhór-riachtanais go riachtanais éadroma, agus ó riachtanais shealadacha go riachtanais fhadtéarmacha, agus go mbíonn leibhéil éagsúla tacaíochta ag teastáil ó dhaltaí ag brath ar na riachtanais oideachais a aithnítear. Cabhraíonn úsáid an chreata seo chun a chinntiú go ndéanfar na hidirghabhálacha céim ar chéim, ag aistriú ó idirghabhálacha rangbhunaithe go diantacaíocht ar bhonn aonair, agus go gcuirfear monatóireacht ar dhul chun cinn san áireamh.


Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí & Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí

www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_special_needs_guidelines.pdf

www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_special_needs_resource_pack.pdf

Is samhail réitithe fadhbanna de mheasúnú agus d'idirghabháil é an Contanam Tacaíochta a chuireann ar chumas scoileanna sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, chomh maith le dul chun cinn daltaí aonair a phleanáil agus a athbhreithniú

Léirítear **an próiseas réitithe fadhbanna** mar seo:





Is é lár na samhla nua ná riachtanais oideachais a aithint. Is féidir le scoileanna riachtanais oideachais daltaí a aithint leis an gcreat seo, lena n-áirítear riachtanais acadúla, shóisialta agus mhothúchánacha, agus na riachtanais a bhaineann le deacrachtaí foghlama, fisiceacha, céadfacha, teanga agus cumarsáide. Leagann an creat béim ar cé chomh tábhachtach is atá sé breathnú ar riachtanais an dalta i gcomhthéacs agus cuireann sé acmhainní úsáideacha ar fáil chun tacú leis sin (mar shampla, Seicliosta Timpeallacht Foghlama, Seicliosta an Mhúinteora maidir le Struchtúir agus Tacaíochtaí an ranga uile).

Cuireann an Contanam Tacaíochta ar chumas scoileanna riachtanais a aithint agus freastal ar na riachtanais ar bhealach solúbtha. Ciallaíonn sé seo gur féidir freastal ar riachtanais chomh luath agus is féidir. Ar ndóigh, tá an-tábhacht ag baint leis an bprionsabal ***go mbeadh rochtain***

***ag na daltaí a bhfuil na riachtanais is mó acu ar na leibhéil tacaíochta is mó***. Tacaíonn eolas agus caidreamh le gairmithe seachtracha leis an gcur chuige seo, de réir mar is cuí.

Moltar na leibhéil tacaíochta seo a leanas sa Chontanam Tacaíochta:




Léiríonn Tábla 1 thíos conas is féidir le scoil fianaise ar riachtanais oideachais dalta a bhailiú ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. Féadfar an fhianaise sin a úsáid chun teagasc a leasú agus chun na chéad céimeanna eile i bhfoghlaim na ndaltaí a phleanáil agus chun a bhfreagairt don idirghabháil a mheas. Má dhéantar na sonraí a bhailiú, a roinnt agus a chur i gcomparáid lena chéile go cúramach, is féidir le scoileanna na scoláirí siúd a aithint a bhfuil riachtanais oideachais speisialta acu, agus freagairt do na riachtanais sin.

| **Tábla 1: Riachtanais Oideachais a Aithint trí Phróiseas an Chontanaim Tacaíochta** | |
|---|---|
| **Tacaíocht sa Seomra Ranga** | Smaoiníonn an múinteoir ranga ar conas is féidir an clár foghlama a dhifreáil chun freastal ar riachtanais na ndaltaí ar fad sa rang.<br><br>Forbraítear plean tacaíochta ranga agus/nó cuirtear in oiriúint é thar threimhse ama do na daltaí nach ndeachaigh an clár difreáilte i bhfeidhm orthu.<br><br>Cuireann na nithe seo a leanas bonn eolais faoi:<br><br>• Comhairliúchán le tuismitheoirí<br>• Taifid ar bhreathnóireacht an mhúinteora<br>• Bearta/measúnuithe deartha ag an múinteoir<br>• Seicliosta bunriachtanas*<br>• Seicliosta timpeallacht foghlama*<br>• Comhairliúchán le daltaí – Mo Smaointe faoin Seicliosta Scoile<br>• Tástálacha litearthachta agus uimhearthachta<br>• Tástálacha scagtha scileanna teanga<br><br>Bíonn plean Tacaíocht Ranga i bhfeidhm ar feadh tréimhse aontaithe agus déanfar é a athbhreithniú. |
| **Tacaíocht Scoile** | Ag an leibhéal seo, cuireann na nithe seo a leanas bonn eolais faoin bPlean Tacaíochta:<br><br>• Taifid ar bhreathnóireacht an mhúinteora<br>• Bearta/measúnuithe deartha ag an múinteoir<br>• Agallaimh le tuismitheoirí agus daltaí<br>• Seicliosta timpeallacht foghlama<br>• Measúnaithe diagnóiseacha litearthachta agus uimhearthachta<br>• Breathnóireacht fhoirmiúil a dhéanamh ar iompraíocht lena n-áirítear cairteacha réamhtheachtaí-iompraíocht-toradh (nó ABC mar is fearr aithne air sa Bhéarla); bearta minicíochta, etc.<br>• Measúnú ar fheidhmiú de réir mar is cuí, lena n-áirítear beart scagtha maidir le deacrachtaí sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta.<br><br>Féadfar eolas ar chur chuige teagaisc oiriúnacha a thabhairt i bplean tacaíochta ag an leibhéal seo lena n-áirítear teagasc foirne, teagasc i ngrúpaí beaga nó ar bhonn aonair.<br>Bíonn Plean Tacaíochta Scoile i bhfeidhm ar feadh tréimhse aontaithe agus déanfar é a athbhreithniú. |
| **Tacaíocht Scoile *Plus*** | Cuireann cur chuige mionsonraithe córasach bonn eolais faoin leibhéal seo den Chontanam maidir le bailiú eolais agus le measúnú ag úsáid réimse leathan d'uirlisí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, tuarascálacha ó ghairmithe seachtracha (de réir mar is cuí) agus d'fhéadfadh sé go mbeadh na nithe seo a leanas san áireamh ann:<br><br>• Breathnóireacht an mhúinteora agus bearta deartha ag an múinteoir<br>• Agallaimh le tuismitheoirí agus daltaí<br>• Measúnú ar fheidhmiú<br>• Torthaí ó thástálacha caighdeánacha mar chumas cognaíoch, feidhmiú sóisialta, mothúchánach agus iompraíochta, feidhmiú oiriúnaitheach, etc. a thomhas. |

*Tá na seicliostaí seo ar fáil i Riachtanais Speisialta Oideachais Leanúntas Tacaíochta Treoirlínte do Mhúinteoirí

| | |
|---|---|
| | Baintear úsáid ansin as na sonraí a ghintear ón bpróiseas seo chun idirghabháil oiriúnach a phleanáil agus féadfaidh siad a bheith mar bhonnlíne lenar féidir dul chun cinn a mhapáil.<br>Is dóigh go mbeidh plean tacaíochta ag an leibhéal seo níos mionsonraithe ná na pleananna eile agus go ndéanfar é a oiriúnú níos mó don duine aonair le pleanáil fadtéarmach agus comhairliúchan. |

**Pleanáil oideachais**


Cuirtear leis an soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu trí riachtanais a aithint go soiléir agus trí idirghabhálacha a rachaidh i ngleic le riachtanais acadúla agus/nó pearsanta agus le riachtanais forbartha sóisialta a phleanáil go cúramach. Is gnéithe ríthábhachtacha iad riachtanais a aithint, cuspóirí a bheartú agus monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí chun go mbeidh próiseas réitithe fadhbanna ina phróiseas comhoibritheach comhtháthaithe. Bíonn an múinteoir ranga, múinteoirí oideachas speisialta, tuismitheoirí/caomhnóirí, an dalta agus na gairmithe cuí páirteach sa phróiseas seo. Ba cheart idirghabhálacha a bheith ann bunaithe ar chleachtas ar bhonn fianaise agus ar shaineolas agus taithí ghairmiúil na múinteoirí, go mbeidís ag teacht le riachtanais foghlama tosaíochta na ndaltaí, agus go gcuirfidís lena láidreachtaí agus lena n-ábhair spéise. Ba cheart go leagfaí amach spriocanna aontaithe, na hacmhainní is gá leo, na straitéisí cur chun feidhme agus creat ama athbhreithnithe sa phlean tacaíochta.

**Comhad Tacaíochta Dalta**

Forbraíodh Comhad Tacaíochta Dalta chun go mbeadh scoileanna in ann idirghabhálacha a phleanáil agus cosán an dalta a leanúint tríd an gContanam Tacaíochta. Cuireann sé ar chumas múinteoirí dul chun cinn agus riachtanais a dhoiciméadú le himeacht ama agus cabhraíonn sé leo an leibhéal cuí tacaíochta a chur ar fáil do dhaltaí, ag teacht le leibhéal a riachtanas. I ndiaidh na tréimhse idirghabhála agus an próiseas a athbhreithniú, socrófar go gcuirfear deireadh leis an tacaíocht, go leanfar leis an leibhéal céanna de thacaíocht, nó go n-aistreofar go leibhéal níos airde tacaíochta nó go leibhéal níos ísle tacaíochta.

Tá an Comhad Tacaíochta Dalta ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne agus tá na míreanna seo a leanas ann:

- **Comhad Tacaíochta Dalta** formáidithe i Word ar a bhféadfaidh scoileanna a lógó féin a chur agus an fhormáid a úsáid nó a chur in oiriúint de réir mar is gá.
- Seicliosta is féidir a úsáid (cuid de nó an rud ar fad) thar gach leibhéal den Chontanam.
- Leaganacha inaistrithe de 'Phlean Tacaíochta' agus de 'Thaifead ar Athbhreithniú Tacaíochta' is féidir a úsaid ag gach leibhéal tacaíochta.
- Leathanach 'Taifead ar Ghníomhartha' soléite le haghaidh achoimre ar na gníomhartha a rinne an scoil.




Treoirlínte maidir leis an gComhad Tacaíochta Dalta
www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Student-Support-File-Guidelines.pdf

Is féidir a lán cineálacha éagsúla pleananna tacaíochta a áireamh sa chomhad tacaíochta. D'fhéadfadh an plean tacaíochta a bheith mar phlean tacaíochta ginearálta, mar phlean nó mar chonradh a bhaineann le hiompraíocht, mar phróifíl agus clár foghlama do dhalta aonair, mar phlean oideachais do dhalta aonair, mar phlean pearsanta do dhalta, etc. Níl sa phlean tacaíochta a mholtar sa doiciméad seo ach sampla formáide amháin agus is féidir le scoileanna é a athrú agus a chur in oiriúint de réir mar is cuí.

Toisc go mbíonn difríochtaí móra idir riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ó riachtanais éadroma shealadacha go riachtanais shuntasacha sheasmhacha, ba cheart go léireofaí leibhéal riachtanais an dalta aonair sa phleanáil oideachais. I dtaca leis sin, éascaíonn an Comhad Tacaíochta Foghlama freagairt chéimnitheach thar trí leibhéal de thacaíocht: Tacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile *Plus*. I gcás daltaí a bhfuil riachtanais mhóra sheasmhacha chasta acu, moltar go rachfar i gcomhairle le gairmithe seachtracha, lena n-áirítear foirne ildisciplíneacha (mar shampla, teiripeoir saothair, teiripeoir urlabhra agus teanga, síceolaí).

## Céim 2: Conas is féidir linn freastal ar riachtanais?

Nuair atá riachtanais an dalta aitheanta agus nuair atá an phleanáil oideachais chun freastal ar na riachtanas seo déanta, díreoidh an chéim seo ar cé chomh tábhachtach is atá straitéisí éifeachtúla teagaisc agus foghlama. Leagtar béim ar na buntáistí a bhaineann le cláir luath-idirghabhála agus le cláir choisctheacha. Tugtar treoir freisin maidir le spriocanna a bheartú.

**Teagasc agus foghlaim éifeachtach: Ról an mhúinteora ranga**

Tá teagasc agus foghlaim éifeachtach fíorthábhachtach do gach dalta, go háirithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is éard a chiallaíonn ionchuimsitheacht fhiúntach ná go múintear gach dalta i dtimpeallacht ranga atá spreagthach, ina bhfuil tacaíocht ar fáil agus ina mbraitheann siad go bhfuil meas ag daoine orthu. I ngach cás, tá an fhreagracht tosaigh ar mhúinteoirí príomhshrutha as oideachas na ndaltaí uile sa rang. Ba cheart go ndéanfadh múinteoirí ranga a gceachtanna a phleanáil go cúramach sa chaoi is go bhfreastalóidís ar na riachtanais ilghnéitheacha sa seomra ranga. Seans go mbeidh orthu a gcur chuige teagaisc a chur in oiriúint do dhaltaí áirithe mar gheall ar imní faoina ndul chun cinn acadúil, faoina ndúthracht, faoina spéis, faoina gcumarsáid, faoina n-iompraíocht nó faoina gcaidreamh lena gcomhdhaltaí. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hidirghabhálacha spriocdhírithe chun na scileanna oiriúnaitheacha ábhartha a fhorbairt maidir leis na riachtanais seo. Ba cheart do gach múinteoir príomhshrutha cur chuige agus modheolaíochtaí teagaisc a cur i bhfeidhm a éascaíonn ionchuimsitheacht fhiúntach ó thaobh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Áirítear leo siúd:

- Teagasc agus foghlaim chomhoibritheach laistigh de sheomraí ranga príomhshrutha
- Gníomhaíochtaí chomhoibritheacha chun fadhbanna a réiteach
- Obair i ngrúpaí ilchineálacha
- Difreáil
- Idirghabhálacha a chuireann cumas sóisialta agus mothúchánach chun cinn
- Teicneolaíocht faisneise agus cumarsáide a úsaid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú

Is gá go múintear curaclam leathan agus cothrom do na daltaí go léir atá oiriúnach dá gcéim forbartha agus dá n-aois. Ba cheart leibhéal spéise na ndaltaí chomh maith lena n-aird agus lena ndiongbháilteacht a fhorbairt, a mhéadú agus a chúiteamh go céimnitheach agus straitéisí teagaisc oiriúnacha á n-úsáid. Beidh ar mhúinteoirí príomhshrutha a gceachtanna a dhifreáil go rialta chun freastal ar na riachtanais foghlama éagsúla sa rang. Is féidir difreáil a dhéanamh ar na bealaí seo a leanas:

- Leibhéal, struchtúr agus luas na gceachtanna a athrú chun freastal ar riachtanais aonair
- Ceachtanna a chur in oiriúint do spéiseanna, leibhéil rochtana agus freagairtí daltaí
- Tascanna a mheaitseáil le cumas agus riachtanais daltaí
- Acmhainní a chur in oiriúint agus a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear teicneolaíocht
- Bheith ag iarraidh torthaí foghlama dúshlanacha cuí a bhaint amach le measún

Is féidir le múinteoirí ceachtanna a dhéanamh sothuigthe le haghaidh raon fairsing de dhaltaí trí mhodheolaíochtaí agus cuir chuige teagaisc oiriúnacha a úsáid, lena n-áirítear foghlaim ghníomhach, teagasc i ngrúpaí beaga, teagasc ar bhonn aonair agus teagasc scafaill (nó ‘scaffolded instruction’ mar is fearr aithne air sa Bhéarla). B’fhéidir go mbeadh ar an múinteoir athruithe a dhéanamh ar an timpeallacht chun rochtain fhisiceach nó rochtain ar an gcuraclam a chur chun cinn.

**Teagasc agus foghlaim éifeachtúil: Ról an mhúinteora oideachais speisialta**

Bheifí ag súil go mbeadh eolas ag múinteoirí oideachais speisialta ar réimse leathan de chuir chuige, de mhodheolaíochtaí agus d’acmhainní teagaisc chun freastal ar stíleanna áirithe foghlama agus ar riachtanais éagsúla. Ar na cuir chuige teagaisc a úsáidtear tá meascán de thionscnaimh teagasc foirne, de chomhartheagasc, de luath-idirghabháil agus d’idirghabháil ar bhonn aonair. Ag brath ar na riachtanais foghlama a aithnítear, féadfar tacaíocht a thabhairt don dalta a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige nó aici ag an leibhéal ranga, nó féadfaidh sé nó sí a bheith i rang príomhshrutha chomh maith le teagasc breise a fháil sa rang nó lasmuigh den rang.

**Is féidir go mbeidh modheolaíochtaí, cur chuige teagaisc agus/nó gníomhaíochtaí foghlama ar leith de dhíth ar dhaltaí a bhfuil riachtanais níos casta agus leanúnach acu. Ba chóir go mbeadh a leithéid idirghabhála dírithe ar láidreachtaí agus ar riachtanais a aithint go cúramach lena n-áirítear measúnú ildisciplíneach, nuair is gá.**

I ngach cás, ní mór do mhúinteoirí oideachas speisialta, i gcomhairle le múinteoirí ranga, a n-idirghabhálacha a phleanáil go cúramach chun go bhfreastalóidh siad ar riachtanais foghlama tosaíochta na ndaltaí agus chun go mbainfear na spriocanna go léir amach atá aitheanta sa phlean Contanaim Tacaíochta ábhartha. Ba cheart go mbeadh an phleanáil ghearrthéarmach ag teacht leis na spriocanna sa Phlean Tacaíochta agus go mbrisfí forbairt na scileanna ina céimeanna beaga chun freastal ar riachtanais shonracha gach dalta ar bhunús seachtainiúil. Is gá torthaí na ndaltaí a mheas agus a thaifeadadh go rialta agus ba cheart iad a úsáid chun dul chun cinn a athbhreithniú agus mar bhonn eolais don chéad chéim eile idirghabhála. Ar na hacmhainní curaclaim úsáideacha atá ar fáil tá:

Treoirlínte do Mhúinteoirí Daltaí faoi Mhíchumas Foghlama Ginearálta

www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Inclusion/Special_Educational_Needs/Download_Special_Educational_Needs_Guidelines/Guidelines_for_teachers_of_students_with_generallearning_disabilities.html

Integrate Ireland Language and Training (IILT)

www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Inclusion/English_as_an_Additional_Language/IILT_Materials/Primary/

**Luath-idirghabháil agus cosc**

Ó tharla go bhfuil cuid mhór fianaise ann go hidirnáisiúnta go mbíonn torthaí feabhsaithe ag daltaí mar gheall ar chláir luath-idirghabhála agus coisc, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna acmhainní cuí ar fáil chun cláir den chineál seo a chur i bhfeidhm. De réir mar a théann scoileanna i ngleic le próiseas féinmhachnaimh agus athbhreithnithe, ba chóir go mbeadh tuiscint acu ar cheisteanna na scoile uile, ceisteanna ar féidir iad a mheas trí chláir luath-idirghabhála, atá bunaithe ar fhianaise agus a fhreagraíonn don chomhthéacs áitiúil.

Tá an tsolúbthacht ag scoileanna bheith nuálach trí mhodhanna nua a thriail agus trí shonraí measúnaithe a úsáid chun éifeachtúlacht na n-idirghabhálacha seo a mheas. D'fhéadfaí feabhas a chur ar an soláthar le haghaidh páistí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ach cleachtas rathúil den chineál seo a fhorbairt agus a roinnt.

Is féidir go mbeidh sé ina chuidiú ag scoileanna acmhainní breise teagaisc a úsáid i ranganna sóisearacha chun modhanna teagaisc stáisiún a bhfuil sé mar sprioc acu scileanna teanga,

litearthachta agus uimhríochta a neartú. Nuair an bhaintear úsáid as cláir luath-idirghabhála agus coisc is amhlaidh go gcuidítear leis an maolú i bhforbairt na foghlama, agus le deacrachtaí sóisialta agus mothúcháin. Eiseamláir de chlár le haghaidh luath-idirghabhála agus coisc ar dheacrachtaí litearthachta is ea *A Balanced Approach to Literacy.*

| |
|---|
| A *Balanced Approach to Literacy Development in the Early Years*<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Balanced-Approach-to-Literacy-Development-in-the-Early-Years-.pdf |

Ba chóir go rachadh scoileanna ar lorg comhairle agus oiliúna ar chláir atá deimhnithe go maith le dul i ngleic le riachtanais iompair agus mhothúcháin, mar shampla, *Incredible Years – Teacher Classroom Management,* mar bhealach le forbairt deacrachtaí iompair a chosc, nó *FRIENDS for Life,* mar mhodh le himní a chosc agus mianach a thógáil, nó cláir atá bunaithe ar fhianaise den chineál céanna.

| |
|---|
| *Incredible Years: Teachers Classroom Management*<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/Incredible-Years-TCM-Programme.pdf<br><br>*FRIENDS for Life*<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/FRIENDS-Programmes.pdf |

Ar a bharr sin, soláthraíonn seirbhísí tacaíochta na Roinne réimse leathan de chláir oiliúna a bhaineann le riachtanais shóisialta, mhothúcháin agus iompair gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Clúdaíonn na cláir seo ceisteanna ar nós na tromaíochta, an aistrithe agus na bainistíochta iompair. Áirítear leis na heiseamláir de chláir atá ar fáil faoi láthair ná:

Seimineáir Frith-Bhulaíochta ar Ardú Feasachta, Cosc agus Straitéisí Idirghabhála.
www.pdst.ie/primary/antibullying

An tAistriú ó Bhunscolaíocht go hIar-Bhunscolaíocht
www.sess.ie/resources/transition-primary-post-primary

Ag dul i ngleic le hIompar, le Scileanna Sóisialta agus le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu.
www.sess.ie/challenging-behaviour-and-social-skills-students-special-educational-needs

Ag dul i ngleic le hIompar; Bealaí lena chosc - cúrsa trí lá le haghaidh oidí ina ndírítear isteach ar iompar dúshlánach sa seomra ranga a bhainistiú
www.sess.ie/leading-inclusive-learning-resource-teaching-post-primary-7

Ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar gach clár go cúramach leis an tionchar atá acu ar ghnóthachtáil daltaí, ar rannpháirtíocht san fhoghlaim agus i saol na scoile a meas. Baintear torthaí níos fearr amach nuair a chuirtear cláir i bhfeidhm de réir an rúin a bhí ag lucht a gceaptha ina leith, agus nuair a bhíonn an cur i bhfeidhm dian agus nuair a bhíonn deiseanna ann le scileanna a chleachtadh go minic.

**Socrú Spriocanna**

Tá socrú maith spriocanna lárnach i dteagasc agus i bhfoghlaim éifeachtach le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta foghlama acu. Tá ceithre threoirphrionsabal ann nuair a bhítear ag ceapadh spriocanna le haghaidh daltaí. Ba chóir go mbeadh spriocanna:

- Ceangailte le measúnacht
- Bunaithe ar láidreachtaí
- Ceangailte le hidirghabhálacha
- Forbartha go comhoibríoch

De réir an dea-chleachtais ba chóir gur beag líon na spriocanna; ba chóir go mbeadh siad ceaptha de réir riachtanais foghlama tosaíochta agus ceangailte go díreach le hidirghabhálacha oiriúnacha. Ba chóir go mbeadh spriocanna bunaithe ar an bhfianaise a bhailítear trí mhodhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla measúnaithe . Ba chóir go rachadh scoileanna i gcomhairle le tuismitheoirí agus spriocanna agus a shocrú acu agus athbhreithniú a dhéanamh acu ar dhul chun cinn. Ba chóir go mbeadh tuairimí na ndaltaí san áireamh sa phróiseas seo, trína rannpháirtíocht dhíreach sa phlé nó trína gcuid tuairimí a fháil mar chuid den ullmhúchán. Cuideoidh an comhoibriú seo lena chinntiú go bhfuil spriocanna ábhartha, go bhfuil ciall leo


agus go bhfuil siad réadúil, agus go dtarraingíonn siad ar láidreachtaí agus ar shuimeanna an dalta.

Ba chóir go mbeadh spriocanna curtha in iúl ar bhealach atá intomhaiste agus inbhraite, agus ba chóir go léireodh siad riachtanais aonair na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu (mar shampla, dírítear ar dheacrachtaí sóisialta agus mothúcháin más príomhábhar imní é sin). Cé gur chóir spriocanna a bhaint amach laistigh de fhráma ama faoi leith, ba chóir go dtabharfadh siad dúshlán agus go bhforbródh siad eolas atá ann cheana féin agus go rachadh siad i ngleic le riachtanais iomlána daltaí.

Léiríonn Aguisín 1 an dóigh a bhfuil socrú spriocanna mar chuid lárnach den chreatlach chun fadhbanna a réiteach a chuidíonn le daltaí a bhfui riachtanais speisialta foghlama acu.

## Céim 3: Cad é mar is féidir linn monatóireacht a dhéanamh ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus cad é mar is féidir linn sin a thaifeadadh?

Tá sé tábhachtach go ndéanann scoileanna monatóireacht go cúramach agus go rialta ar cé acu atá na spriocanna comhaontaithe bainte amach ag a gcuid daltaí. Cuirtear bonn eolais faoin gcuid seo den phróiseas trí mheasúnacht éifeachtach ar fheidhmíocht bhonnlíne, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as trialacha critéar-thagartha agus as modhanna eile measúnaithe (trialacha ceaptha ag múinteoirí, seicliostaí, samplaí d’obair, breathnóireacht) a ligeann do dhaltaí a ndul chun cinn a léiriú. Ba chóir go mbeadh bunadh spriocanna faoi leith a bheadh le baint amach laistigh de fhráma ama sainithe mar atá léirithe thíos mar thoradh air seo.




Is cuid de phróiseas dinimiciúil sainithe, socrú spriocanna, idirghabhála agus athbhreithnithe é monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí, agus ba chóir go mbeadh leasuithe breise ar phleananna tacaíochta mar thoradh orthu siúd. Acmhainn an-úsáid is ea An Comhad Tacaíochta do Dhaltaí

chun tacú leis an bpróiseas seo agus chun é a thaifeadadh. Áirítear leis Taifead Tacaíochta Athbhreithnithe chun múinteoirí a threorú agus monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh acu le tuismitheoirí agus daltaí. Tá monatóireacht ar dhul chun cinn den chineál seo, agus na pleananna tacaíochta a nglactar leo ina diaidh, taobh thiar go mór de chleachtas éifeachtach.

I dteannta le monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí ag leibhéal an duine aonair, tá sé tábhachtach fosta athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí ag leibhéal grúpa, ranga agus na scoile uile. D'fhéadfaí leibhéil ghnothachtála, cumarsáide, neamhspleáchais, freastail, cuimsiú sóisialta agus folláine (mar shampla, braistint chomhuintearais agus cóngais leis an scolaíocht) bheith mar chuid de seo.

## 4. Cén dóigh is fearr is féidir le scoileanna acmhainní teagasic a leithdháileadh chun riachtanais a shásamh?

Ní mór múinteoirí riachtanais speisialta a úsáid i scoileanna chun dul i ngleic le riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Gné thábhachtach den tsamhail athbhreithne leithdháileadh is ea go mbaintear úsáid as tacaí breise teagaisc de réir riachtanais sainithe in áit iad a bheith bunaithe ar mhíchumas diagnóisithe. Tugann sé seo saoirse agus solúbthacht níos fearr do scoileanna sa dóigh ina ndéanann siad acmhainní teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh. Is féidir go mbainfidh scoileanna úsáid as múinteoirí oideachais speisialta i róil áirithe ionas gur féidir leo riachtanais na ndaltaí a shásamh go héifeachtach (mar shampla, tacaíocht sa rang, grúpaí a tharraingt amach). Beidh eispéireas a bhí ag scoileanna roimhe maidir le hacmhainní a leithdháileadh de réir an mhúnla ginearálta leithdháileadh úsáideach chun iad a threorú agus iad ag leithdháileadh acmhainní de réir an mhúnla athbhreithnithe.

Tá cumarsáid agus rannpháirtíocht éifeachtach le tuismitheoirí ríthábhachtach chun bogadh ar aghaidh chuig cur chuige bunaithe ar riachtanais agus acmhainní breise teagaisc á leithdháileadh. Méadaítear é seo nuair a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le riachtanais agus le plean tacaíochta a bpáistí, agus nuair a bhíonn siad páirteach sna hathbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn.

Nuair a bhítear ag leithdháileadh acmhainní teagaisc, ba chóir go dtuigfeadh scoileanna na buntáistí a bhaineann leis na cláir luath-idirghabhála agus coisc agus ba chóir go ndéanfadh siad acmhainní a leithdháileadh de réir mar a bhíonn gá leo, bunaithe ar riachtanais sainithe agus ar chomhthéacs na scoile. Ba chóir go mbeadh sé mar sprioc ag na scoileanna cothromaíocht a bhaint amach idir tacaíocht sa rang agus tacaíocht don ghrúpa nó don duine aonair. Ba thábhachtach go léireodh an leibhéal agus an cineál tacaíochta spriocanna faoi leith daltaí aonair de réir mar atá leagtha amach ina bpleananna tacaíochta agus ba chóir go mbeadh monatóireacht chúramach agus athbhreithniú ar dhul chun cinn mar bhonn leis seo. Ar an dóigh seo, i ndiaidh na hidirghabhála, is féidir nach mbeidh tacaí breise teagaisc ag teastáil ó dhaltaí áirithe, agus is féidir go mbeidh an leibhéal céanna ag teastáil ó chuid acu, agus is féidir go mbeidh tacaíochtaí níos déine ag teastáil ó chuid eile.

Nuair a bhítear ag leithdháileadh acmhainní teagaisc, ní mór do scoileanna am a choinneáil chun imeachtaí a chomhordú, a phleanáil agus a athbhreithniú ionas go mbainfear barr-úsáid éifeachtach as tacaíochtaí . Ba chóir, áfach, am comhordaithe a choinneáil ag íosmhéid ionas go mbíonn uasmhéid am teagaisc ann. Ar a bharr sin, tá gá le solúbthacht maidir le leithdháileadh acmhainní ar eagla riachtanais nach mbeifí ag súil leo ag teacht chun cinn i rith na scoilbhliana. Ba chóir go dtabharfadh príomhoidí scoile san áireamh an taifead ar fhorbairt ghairmiúil ag múinteoirí nuair a bhíonn róil teagaisc agus tacaíochtaí á leithdháileadh.

### Leithdháileadh tacaíochtaí teagaisc riachtanais speisialta a phleanáil

Agus an phleanáil á déanamh ar leithdháileadh tacaíochtaí breise teagaisc, is é an príomhphrionsabal atá ann nach go ndéantar acmhainní a leithdháileadh chun dul i ngleic le riachtanais sainithe na ndaltaí. **Ba thábhachtach go mbeadh an leibhéal is mó tacaíochta acu siúd a bhfuil an leibhéal is airde riachtanais acu.** I dteannta le deacrachtaí litearthachta agus uimhríochta, beidh riachtanais faoi leith ag cuid mhór daltaí ar nós teanga labhartha, idirchaidrimh, iompair, forbairt mhothúcháin agus dúthracht chun foghlama. Chun iad a threorú agus tacaíochtaí teagaisc á leithdháileadh acu, ba chóir do scoileanna tagairt a dhéanamh do na prionsabail atá leagtha amach ar leathanach 5 de na treoirlínte seo. Tá teimpléad pleanála i dTábla 2 thíos chun tacú le tacaíochtaí teagaisc oideachais speisialta a leithdháileadh ag leibhéal na scoile aonair. I dteannta leis sin, tá teimpléad pleanála soláthair scoileanna ar fáil in Aguisín 2 chun tacú le scoileanna maidir le soláthar a phleanáil agus a dhoiciméadú ag leibhéal na scoile uile.

| Tábla 2: Teimpléad Pleanála chun Leithdháileadh Tacaí Breise Teagaisc do Dhaltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a threorú | |
|---|---|
| **Gníomh 1: Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu a shainaithint** | Déan athbhreithniú ar eolas ar bith atá ann ar riachtanais daltaí, trí úsáid a bhaint as sonraí scoilbhunaithe, agus ar eolas ar bith ó thuismitheoirí nó ó ghairmithe seachtracha. Téigh i ngleic le scagadh agus bailiú sonraí mar is gá, trí úsáid a bhaint as modhanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla measúnaithe (mar shampla, tuairimí múinteoirí, eolas ar chumas sóisialta agus mothúcháin, trialacha caighdeánaithe, trialacha diagnóiseacha).<br><br>Sainigh **gach** dalta sa scoil a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cuir iad seo leis an leibhéal cuí ar an gContanam Tacaíochta. |
| **Gníomh 2: Spriocanna Foghlama a leagan amach** | Leag amach spriocanna soiléire foghlama, bunaithe ar riachtanais aonair, le haghaidh gach dalta ar gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. |
| **Gníomh 3: Modhanna agus cur chuige teagaisc a phleanáil** | Sainigh an leibhéal agus an cineál idirghabhála atá ag teastáil chun spriocanna a bhaint amach le hagaidh gach dalta ar an gContanam Tacaíochta. Ba chóir go n-amharcfadh scoileanna ar na féidearthachtaí is fearr chun cuimsiú fiúntach a chur chun cinn ar nós difreála, grúpáil ilchineálach, buíonteagaisc agus teagasc i ngrúpaí beaga. Ba chóir go dtuigfeadh siad gur gá go mbeadh fianaise taobh thiar d'idirghabhálacha agus tacaíocht. |
| **Gníomh 4: Cláir luath-idirghabhála agus coisc a eagrú** | Bunaithe ar riachtanais sainithe, roghnaigh cláir luath-idirghabhála/coisc atá bunaithe ar fhianaise chun dul i ngleic le hábhair imní. Sainigh an t-am agus an tiomantas foirne atá ag teastáil. |
| **Gníomh 5: Acmhainní teagaisc oideachais speisialta a eagrú agus a úsáid** | Déan cros-thagairt do riachtanais na ndaltaí ag leibhéil Tacaíochta na Scoile agus ag leibhéil Tacaíochta Breise na Scoile agus déan smaoineamh ar chomhriachtanais ar féidir iad a chomhlíonadh trína chinntiú go bhfuil modhanna níos éifeachtaí agus éifeachtúla teagaisc agus foghlama ann.<br>Aontaigh faoin múinteoir/ faoi na múinteoirí a dhéanfaidh freastal ar na grúpaí/ dhaoine aonair seo agus faoin uair agus an áit a mbeidh an teagasc ag tarlú. Bí eolach faoin riachtanas gur chóir go mbeadh an leibhéal is airde tacaíochta ar fáil do na páistí a bhfuil an leibhéal is mó riachtanais acu ar fáil ó mhúinteoirí a bhfuil an saineolas cuí acu. |
| **Gníomh 6: Dul chun cinn a aimsiú agus a thaifeadadh** | Bunaigh córas taifeadta agus aimsithe, lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn daltaí agus iad ag comhlíonadh na spriocanna atá comhaontaithe leo:<br>• **Ag leibhéal Tacaíochta an tSeomra Ranga agus na Scoile Uile** ag múinteoirí uile<br>• **Ag leibhéil Tacaíochta na Scoile agus na Tacaíochta Breise Scoile** ag múinteoirí ranga agus ag múinteoirí riachtanais speisialta |

Tá dhá chás-staidéar ó na scoileanna píolóta agus sampla oibrithe faoin dóigh ar féidir leithdháileadh múinteora a chur i bhfeidhm i suíomh scoile ar fáil in Aguisíní 3 agus 4. Cé nach bhfuil sé indéanta cur i bhfeidhm an mhúnla a léiriú ar gach cineál scoile, táthar ag dúil leis go mbeidh sé ina chuidiú ag léiriú an dóigh ar féidir úsáid a bhaint as an tsamhail leithdháileadh athbhreithnithe chun na riachtanais éagsúla i suíomh ar bith oideachasúil a shásamh.

Tá treoir agus comhthéacs léi in Aguisín 5 ar chur i bhfeidhm an mhúnla athbhreithne leithdháileadh i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelscoileanna.

## 5. Cur chuige na scoile uile maidir le soláthar éifeachtach le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tugtar tacaíocht don dea-chleachtas maidir le riachtanas, pleanáil oideachasúil, agus leithdháileadh tacaíochtaí teagaisc oideachais speisialta a aithint trí phleanáil éifeachtach na scoile uile. Léiríonn an chéad mhír eile na príomhghnéithe i gcur chuige na scoile uile maidir le riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shásamh.

Léiríonn an mhír seo cur chuige pleanála atá cuimsitheach maidir le tacú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Pléitear le príomhghnéithe a bhaineann le

- Oideachas cuimsitheach
- Pleanáil uile scoile
- Ról an phríomh-oide
- Rannpháirtíocht Tuismitheoirí
- Rannpháirtíocht Daltaí
- Rannpháirtíocht le grúpaí seachtracha agus gníomhaireachtaí
- Athruithe
- Forbairt Ghairmiúil Leanúnach

### Oideachas Cuimsitheach

Rinne an NCSE (2011) cur síos ar an gcuimsiú mar phróiseas chun dul i ngleic le agus chun freagra a thabhairt d'éagsúlacht riachtanais foghlaimeoirí. Baineann sé le coisc a bhaint ar shiúl ionas gur féidir le gach foghlaimeoir an leas is mó agus is féidir a bhaint amach as a chuid scolaíochta.

Aithníonn an Roinn an dul chun cinn an-suntasach atá déanta ag scoileanna agus cleachtais agus soláthair chuimsitheacha a fhorbairt agus is mar thoradh air seo anois go bhfuil bunús daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu ag freastal ar scoileanna príomhshrutha.

Aithníonn sé freisin go mb'fhéidir go mbeadh áit níos speisialta ag teastáil ó mhionlach daltaí a bhfuil riachtanais níos suntasaí agus níos fadtéarmaí acu (mar shampla, rang speisialta nó socrú i scoil speisialta).

Ba chóir go léireodh cur chuige na scoile uile chuig soláthar riachtanais speisialta oideachais tiomantas na scoile do chuimsiú na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i scoileanna príomhshrutha. Is iad na saintréithe a bhaineann le scoileanna a bhfuil cultúir láidre chuimsitheacha acu ná:

- Éiteas dearfach agus timpeallachta foghlama ina mothaíonn gach dalta, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, go bhfuil fáilte rompu agus go mothaíonn siad dáimh agus comhbhá leis an scoil.
- Béim ar rannpháirtíocht daltaí a chur chun cinn agus rannpháirtíocht ghníomhach ina gcuid foghlama agus i saol na scoile.
- Tiomantas chun scileanna acadúla, sóisialta, mothúcháin agus maireachtála ar bhonn neamhspleách a fhorbairt sna daltaí.
- Fócas ar uaillmhianta arda a fhorbairt agus torthaí a fheabhsú.

Tá na hacmhainní seo a leanas ar fáil do scoileanna chun cuidiú le cleachtas cuimsitheach oideachais a aithint agus a mhéadú.

Creatlach um Oideachas Cuimsitheach

http://ncse.ie/inclusive-education-framework

Cuimsiú daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu: Seicliosta

www.sess.ie/cpd-audit-tools

## Pleanáil na Scoile Uile

Nuair a bhítear ag cur i bhfeidhm an mhúnla leithdháilte athbhreithnithe chun dul i ngleic le riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ba chóir gcuirfeadh scoileanna i bhfeidhm cur chuige na scoile uile maidir le pleanáil cláir agus maidir le cur i bhfeidhm cláir luath-idirghabhála agus coisc. Leis seo a bhaint amach, is féidir go mbeidh ar scoileanna a gcuid polasaithe maidir le riachtanais speisialta oideachais a chur in oiriúint leis an gcur chuige nua maidir le leithdháileadh acmhainní a threorú. Baineann cur chuige na scoile uile le

comhghníomhaíocht ag pobal na scoile (i gcomhar le scoileanna agus le daltaí) chun foghlaim, iompar agus folláine na ndaltaí a fheabhsú. Cuimsíonn sé próiseas machnaimh, pleanála agus athbhreithnithe ar pholasaithe agus ar chleachtais, agus áirítear leis measúnacht ar an dóigh a ndéantar daltaí a bhfuil riachtanais speisialta foghlama a aithint agus an dóigh a ndéantar monatóireacht orthu. Ba chóir go rachadh cur chuige na scoile uile i ngleic leis an gcontanam iomlán riachtanas – idir riachtanais éadroma agus sealadacha go deacrachtaí atá níos déine agus níos fadtéarmaí (mar shampla, deacrachtaí suntasacha foghlama, céadfacha, fisiciúla, cumarsáide, sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta).

Tá scoileanna ag plé le próiseas féinmheastóireachta (SSE) agus tá siad eolach faoin bpróiseas meastóireachta a bhfuil sé chéim leis (Treoirlínte um Féinmheastóireacht 2016 – 2020). I Meán Fómhair 2016, d'fhoilsigh an Chigireacht *Ag Breathnú ar an Scoil Againne - Creat Cailíochta do Bhunscoileanna 2016* (LAOS). Nuair a chuirtear i bhfeidhm é ar sholáthar scoile le haghaidh daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, cumasaíonn réimsí agus ráitis cleachtais múinteoirí agus ceannairí scoile athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid cleachtas, ionas go dtuigeann siad na rudaí maithe atá á ndéanamh acu, agus go n-aithníonn siad gnéithe d'obair na scoile a d'fhéadfaí breis forbartha a dhéanamh orthu chun eispéireas foghlama agus torthaí a fheabhsú do na daltaí seo. (Aguisín 6). Tá roinnt acmhainní ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do scoileanna maidir leis seo. Áirítear leo siúd:

Treoirlínte Féinmheastóireachta Scoileanna le haghaidh Bunscoileanna

www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/School-Self-Evaluation-Guidelines-2016-2020-Primary.pdf

Ag amharc ar ár Scoil 2016 – Creatlach Cáilíochta le haghaidh Bunscoileanna

www.education.ie/en/Publications/Inspection-Reports-Publications/Evaluation-Reports-Guidelines/Looking-at-Our-School-2016-A-Quality-Framework-for-Primary-Schools.pdf

## Ról an phríomhoide scoile

Gheofar sna *Treoirlínte Tacaíochta Foghlama* (2000, lch.39) freagracht fhoriomlán an phríomhoide maidir le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Faoin modh nua leithdháilte tá ról lárnach ag an bpríomhoide maidir leis na nithe seo a leanas:

- Beartais chuimsitheacha scoile uile a cheapadh agus monatóireacht a dhéanamh ar a gcur chun feidhme
- Baill foirne a shannadh go straitéiseach do róil múinteoirí, go háirithe róil oideachais speisialta
- Obair múinteoirí a chomhordú chun leanúnachas an tsoláthair do dhaltaí a chinntiú
- A chinntiú go mbunaítear nósanna imeachta scoile uile chun caidreamh éifeachtach a éascú le tuismitheoir, daltaí agus gairmithe/gníomhaireachtaí seachtracha
- A chinntiú go gcuirtear córais éifeachtacha chun feidhme chun riachtanais daltaí a aithint agus monatóireacht chríochnúil a dhéanamh ar a gcur chun feidhme.
- Forbairt leanúnach ghairmiúil na múinteoirí uile a éascú i dtaca le hoideachas daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus cinntiú go mbíonn gach ball d'fhoireann na scoile (múinteoirí ranga, múinteoirí oideachais speisialta agus cúntóirí riachtanas speisialta) soiléir faoina gcuid ról agus freagrachtaí maidir leis seo

Ag brath ar mhéid agus comhthéacs na scoile, tarmligfear cuid de na gníomhartha seo do bhuíonta nó do bhaill foirne eile ach coinneoidh an príomhoide an fhreagracht fhoriomlán as soláthar na scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

## Rannpháirtíocht tuismitheoirí

Toisc ríthábhachtach taobh thiar d'fheabhas a chur ar thorthaí do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu is ea dea-rannpháirtíocht tuismitheoirí. Aithníonn scoileanna an méid sin agus tá sé le léiriú san iomad dea-chleachtas agus tionscnamh a úsáideann siad chun rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn. Neartaítear rannpháirtíocht tuismitheoirí nuair a théitear i gcomhairle le tuismitheoirí maidir le riachtanais agus láidreachtaí a leanaí agus maidir leis na tacaí agus na straitéisí atá á bhforbairt chun tacú lena leanaí agus nuair a ghlacann siad páirt in athbhreithnithe rialta ar dhul chun cinn a leanaí. A bhuí le próiseas an Leanúntais Tacaíochta agus le húsáid an Chomhaid Tacaíochta Dalta, tugtar deiseanna luachmhara chun

oibriú le tuismitheoirí agus chun cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint agus i leith freastal ar na riachtanais sin. D'fhéadfadh go mbeadh deiseanna ag tuismitheoirí chun oibriú i gcomhar leis an scoil trí thionscnaimh amhail léitheoireacht beirte agus Sult-léitheoireacht le Tuismitheoirí (CAPER) freisin.

I dteannta an chomhairliúcháin maidir le riachtanais aonair a leanaí, is mór ag tuismitheoirí dea-fhaisnéis a fháil faoi nádúr agus cineál an tsoláthair riachtanas speisialta oideachais atá ar fáil sa scoil. Ba cheart do scoileanna dul i gcomhairle le tuismitheoirí le linn dóibh forbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais a bhaineann le hoideachas leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Cabhraíonn sé sin lena chinntiú go dtuigfidh tuismitheoirí na cineálacha cur chuige atá i bhfeidhm ag an scoil. Cabhraíonn sé freisin le tuismitheoirí tacaíocht níos fearr a thabhairt dá leanaí agus iad ag bogadh suas an scoil.

Leagtar amach in Aguisín 8 roinnt ceisteanna tábhachtacha is féidir le scoileanna a úsáid le linn dóibh machnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcleachtas atá i bhfeidhm acu faoi láthair le haghaidh rannpháirtíocht tuismitheoirí a chur chun cinn.

## Rannpháirtíocht daltaí

Is iomaí tairbhe a bhaineann daltaí as dea-rannpháirtíocht a bheith acu ina n-oideachas féin. Tá an rannpháirtíocht sin tábhachtach go háirithe do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus is féidir léi cabhrú le feabhas a chur ar a dtorthaí acadúla, sóisialta agus mothúchánacha.

Neartaítear rannpháirtíocht nuair a thugann scoileanna aird ar spéiseanna, ardmhianta agus láidreachtaí daltaí, agus nuair a fhorbraíonn siad iad sin, le linn dóibh idirghabhálacha oideachais a cheapadh. Is é atá i gceist leis sin ról gníomhach a thabhairt do dhaltaí i bpróiseas comhroinnte um measúnú chun foghlama, cuspóirí comhroinnte foghlama a leagan síos, agus dul chun cinn a athbhreithniú i gcomhar le chéile. Tacaítear le rannpháirtíocht daltaí trí theagasc atá freagrúil do riachtanais phearsanta an fhoghlaimeora agus neartaítear í arís eile trí eispéiris foghlama atá dúshlánach, spéisiúil agus taitneamhach a struchtúrú agus a leagan amach. Tugtar sa Chomhad Tacaíochta Dalta creat úsáideach le haghaidh rannpháirtíocht daltaí a chur chun cinn ag gach céim de phleanáil agus athbhreithniú oideachais.

Ar leibhéal na scoile uile, tugtar spreagadh do scoileanna athbhreithniú a dhéanamh ar na cineálacha cur chuige a ghlacann siad i leith rannpháirtíocht daltaí ionas gur ag gach dalta, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, a bheidh deiseanna chun tuairimí a chur in iúl ar shaincheisteanna a théann i bhfeidhm orthu ar scoil agus, ar an mbealach sin, chun cur le hathbhreithnithe ar bheartais agus cleachtais iomchuí i scoileanna. Is féidir an acmhainn thíosluaite a úsáid chun tacú le rannpháirtíocht daltaí.

**Mo Chuid Smaointe faoin Scoil (Féach leathanach 97 de Dheacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Leanúntas Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí)**

www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_besd_continuum_teacher_guide.pdf

## Rannpháirtíocht le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí seachtracha

Is ar fáil do mhúinteoirí atá tacaíocht agus treoir ó ghairmithe seachtracha amhail Síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais, Eagraithe Riachtanas Speisialta Oideachais, Seirbhís Tacaíochta na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta[1], an Chigireacht agus gairmithe sláinte comhghaolmhara. Tá sé tábhachtach go mbeidh nósanna imeachta/prótacail i bhfeidhm ag scoileanna le haghaidh idirchaidreamh a dhéanamh leis na seirbhísí agus na comhlachtaí sin ar mhaithe le cáilíocht an tsoláthair do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bharrfheabhsú ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal grúpa nó ar leibhéal na scoile uile. Tá sé sin tábhachtach go háirithe do na daltaí sin a bhfuil riachtanais níos suntasaí agus níos seasmhaí acu agus a bhaineann tairbhe as cur chuige ildisciplíneach i leith riachtanais a shainaithint agus i leith idirghabhálacha a cheapadh.

Is iad seirbhísí sláinte agus seirbhísí oideachais araon a fhreastalaíonn ar na riachtanais atá ag a lán daltaí. Leanfaidh seirbhísí sláinte (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) agus seirbhísí arna gcistiú ag FSS) ar aghaidh le ról tábhachtach a imirt san obair chun daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a shainaithint go luath, chun iad a mheasúnú, a dhiagnóisiú agus a athbhreithniú agus chun idirghabhálacha a cheapadh dóibh. Tá sé tábhachtach go mbeidh cur amach ag scoileanna ar an raon seirbhísí sláinte atá ar fáil sa cheantar áitiúil, lena

[1] Tá sé beartaithe go gcuirfear Seirbhís Tacaíochta ar bun sa Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, rud a chuimseoidh an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta, an tSeirbhís Náisiúnta Tacaíochta Iompraíochta agus Seirbhís na Múinteoirí Cuartaíochta. Beidh sé mar aidhm ag an tseirbhís sin feabhas a chur ar an acmhainn atá ag scoileanna chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

n-áirítear conairí atreoraithe. Neartaítear comhordú nuair a chuireann scoileanna le measúnú sláintebhunaithe agus le soláthar idirghabhálacha, agus nuair a dhéanann siad idirchaidreamh ina leith, agus nuair a éascaíonn siad cruinnithe idir tuismitheoirí agus seirbhísí tacaíochta éagsúla. Ba cheart do scoileanna iarracht a dhéanamh chun moltaí ábhartha ó ghairmithe sláinte a chur san áireamh le linn dóibh pleananna tacaíochta a cheapadh ag gach leibhéal den Leanúntas Tacaíochta.

## Athruithe

Cuidíonn an dea-phleanáil le haghaidh athraithe lena chinntiú go n-éiríonn le haistriú dalta ón naíscolaíocht go dtí an bhunscolaíochta, ón mbunscolaíocht go dtí an mheánscolaíocht agus idir suíomhanna speisialta agus príomhshrutha. Is féidir le tacaíocht agus pleanáil éifeachtach san aistriú eispéireas oideachais an dalta a mhéadú agus is féidir go laghdóidh sé imní ar bith a d'fhéadfadh bheith ar thuismitheoirí. Tá cleachtais den scoth ag cuid mhór scoileanna cheana féin chun tacú le daltaí ag pointí áirithe athraithe.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta tar éis forbairt a dhéanamh ar shraith ábhar chun tacú le tuairisciú agus le haistriú faisnéise ar dhaltaí ó bhunscoileanna go hiar-bhunscoileanna. Tá na hábhair á gcur ar fáil faoin scáth-theideal Pas Oideachais agus tá siad ar fáil ag www.ncca.ie/transfer. Áirítear ina measc siúd:

- Cárta Tuairisce an 6ú Ranga
- An Bhileog *Mo Phróifíl* (do leanaí)
- An Bhileog *Próifíl mo Linbh* (do thuismitheoirí)
- Áirítear ann Foirm Achomair Riachtanas Speisialta Oideachais chun tacú le roinnt faisnéise maidir le leanaí a bhfuil riachtanais aitheanta foghlama acu.

Ón scoilbhliain 2014/15 bhí sé éigeantach do scoileanna úsáid a bhaint as ábhair an Phas Oideachais mar a mhionsonraítear thuas agus iad sin a chur ar aghaidh chuig an iar-bhunscoil chuí, tar éis deimhniú a fháil ar rollú, faoi dheireadh mhí an Mheithimh, más féidir é (Ciorclán 45/2014).

Tá roinnt mhaith acmhainní ar fáil chun tacú le scoileanna sa phleanáil le haghaidh athruithe éifeachtacha.

Ag tacú le Daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu Athruithe Rathúla a dhéanamh

ncse.ie/wp-content/uploads/2016/02/02156-NCSE-2016-Changing-Schools-PrimarytoPost-final-08.02.16.pdf

ncse.ie/wp-content/uploads/2016/01/5-NCSE-2016-Supporting-Students-final-web-27.01.16.pdf

Pas Oideachais

www.ncca.ie/en/Curriculum_and_Assessment/Early_Childhood_and_Primary_Education/Primary-Education/Assessment/Report_Card_Templates/transfer/

Aistriú ón mBunscoil go dtí an Mheánscoil

www.education.ie/en/Schools-colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/NEPS-Guidelines-Handouts-and-Tips/Transfer-from-Primary-to-Post-primary/Transition-to-Post-Primary-School-Staff-Room-Notice.pdf

Athbhreithniú ar an Aistriú Iarbhunscoile (féach leathanach 24 den Bheart Tacaíochta le haghaidh múinteoirí sa Chontanam Tacaíochta le haghaidh Iarbhunscoileanna)

http://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_post_primary_continuum_resource_pack.pdf

Leabhrán Aistrithe

www.sess.ie/resources/transition-primary-post-primary

## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (CPD)

Tá sé léirithe sa taighde go seasta go bhfuil caighdeán an teagaisc ar an bhfachtóir is criticiúla agus eispéiris foghlama agus oideachais na ndaltaí a mhéadú. Soláthraíonn an tsamhail athbhreithnithe leithdháileadh comhsheasmhacht sa bhreis i leibhéal foirne (agus níos lú cnuasú páirtaimseartha). Meastar go mbunóidh scoileanna agus go gcaomhnóidh siad foirne sciliúla tacaíochta oideachais speisialta le soláthar a threorú. Ó tharla go bhfuil dualgas ar gach múinteoir daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a theagasc, tá sé tábhachtach go dtugann gach ball foirne faoin bhForbairt Ghairmiúil Leanúnach cuí d'fhonn cumas na scoileanna freastal ar riachtanais oideachais gach dalta a chur chun cinn.

Ba chóir go ndéanfadh scoileanna go rialta athbhreithniú ar a riachtanais leanúnacha san Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach, agus tagairt a dhéanamh do sholáthar teagaisc agus foghlama de chaighdeán ard i suíomhanna oideachais seomra ranga príomhshrutha agus oideachais speisialta. Ba chóir go n-amharcfadh ceannairí oideachais ar a riachtanais oiliúna féin chun cur chuige cuimsitheach na scoile uile maidir le soláthar riachtanais speisialta a fhorbairt. Is féidir le scoileanna an ceistneoir féinmhachnaimh (Aguisín 7) a úsáid agus ionstraimí eile iniúchta

(amharc ar uirlis iniúchta CPD) thíos chun athbhreithniú a dhéanamh ar a riachtanais i leith forbairt ghairmiúil agus chun tionscnaimh oiriúnacha a fhorbairt. Buntáiste atá ann do mhúinteoirí freisin páirt a ghlacadh i ngréasáin áitiúla a bhaineann le forbairt ghairmiúil (laistigh den scoil féin agus le scoileanna eile) ina féidir cleachtas maith maidir le hoideachas speisialta agus feasacht faoi mhíchumas a roinnt agus a chur chun cinn. Is féidir na naisc seo thíos a úsáid le teacht ar thacaí ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) agus an tSeirbhís Tacaíochta do Sheirbhís Speisialta (SESS). Cuirtear tacaíocht ón tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS) chun cinn tríd an bpróiseas rialta pleanála scoile leis an síceolaí ón NEPS.


| | |
|---|---|
| PDST<br>www.pdst.ie/sse/p | SESS<br>www.sess.ie/support<br>Uirlis Iniúchta CPD<br>www.sess.ie/cpd-audit-tools |

## Aguisín 1: Spriocanna a leagan amach mar chuid den chreat réiteach fadhbanna

**Conas a dhéanaimid meastóireacht ar spriocanna?**

- Trialacha caighdeánaithe
- Trialacha Scagtha
- Breathnóireachtaí
- Agallaimh
- Bearta maidir le múinteoirí
- Seicliostaí
- Comhairleoireacht
- Rátálacha

Meastóireacht ar fhreagra an linbh ar spriocanna mar fhaisnéis don chéad chéime eile den timthriall réiteach fadhbanna




Bailiú eolais agus measúnú a bhíonn mar fhaisnéis ag spriocanna

**Cén sonraí is féidir cabhrú linn spriocanna a leagan amach?**

- Trialacha caighdeánaithe
- Trialacha Scagtha
- Breathnóireachtaí
- Agallaimh
- Bearta maidir le múinteoirí
- Seicliostaí
- Comhairleoireacht
- Rátálacha

**Scríobhtar spriocanna mar scileanna inmhianaithe atá:**

- Sonrach
- Intomhaiste
- Indéanta
- Ábhartha
- Am-Teoranta

**Is ceart spriocanna a leagan amach i dteanga dheifinídeach chun monatóireacht agus athbhreithniú ar an dul chun cinn a éascú,** *mar shampla:*

*Aithneoidh John an chéad 50 Focal Dolch i gceart, le cruinneas 80%*

*Déarfaidh Sean abairt iomlán ina mbeidh ábhar, briathar agus cuspóir*

*Bainfidh Anne úsáid as a PECS chun briseadh gníomhaíochta a iarraidh*

**Aguisín 2: Plan Soláthair Scoile do Dhaltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais**

**Scoil:** _____________________________________________ **Uimh. Rolla:** ________________

**Scoilbhliain:** _______________ **Athbhreithnithe:** _________________

**Teagasc Riachtanais Speisialta Oideachais:** __________ **uair an chloig**

| **Ainm an Mhúinteora:** | **Uair** | **Achoimre ghairid ar ról agus dualgais** |
|---|---|---|
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Daltaí le Riachtanais Speisialta Oideachais atá ag fáil idirghabhálacha trí Chreat an Chontanaim Tacaíochta[2]**

| **Tacaíocht sa Seomra Ranga** | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Dalta** | **Rang** | **Cur síos ar SEN** | **Nádúr na dTacaíochtaí**<br>Litearthact, uimhearthacht, scileanna saoil sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta | **Béim na Tacaíochta**<br>Sa rang, asbhaint i ngrúpaí beaga nó go haonar, clós scoile |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| **Tacaíocht Scoile** | | | | |
| **Ainm an Dalta** | **Rang** | **Cur síos ar SEN** | **Nádúr na Tacaíochta** | **Béim na Tacaíochta** |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| **Tacaíocht Scoile Plus** | | | | |
| **Ainm an Dalta** | **Rang** | **Cur síos ar SEN** | **Nádúr na Tacaíochta** | **Béim na Tacaíochta** |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

[2] Féadfaidh scoileanna faisnéis ar dhaltaí agus ar an leibhéal tacaíochta a choinneáil, ar bhonna ranga, mar chuid lárnach den phleanáil seomra ranga.

## Aguisín 3: Cás-staidéir ón tionscadal píolótach

### CÁS-STAIDÉAR 1: SCOIL A

Is scoil beirt-mhúinteora le beirt mhúinteoirí tacaíochta páirt-aimseartha í Scoil A. Ní bhfuair an scoil foireann bhreise faoin tionscadal píolótach. Chinn sí téamaí an tionscadail phíolótaigh a úsáid chun cabhrú lena hacmhainní múinteoireachta a úsáid go solúbtha chun díriú go sonrach ar riachtanais a d’aithin na múinteoirí.

**Céim 1:**
**Daltaí le riachtanais speisialta oideachais a shainaithint**
Lig an múnla nua don scoil dualgais na róil múinteoirí acmhainne reatha agus múinteoirí tacaíochta foghlama a chur le chéile in aon chur chuige solúbtha amháin a chumasaigh leanúnachas níos fearr agus freastal ar líon níos airde daltaí. Ag tús na bliana píolótaí, rinne an scoil athbhreithniú ar na cuir chuige a bhí aici chun riachtanais daltaí a shainaithint, i bhfianaise na socruithe foirne agus riachtanais na ndaltaí ar fad. Rinne múinteoirí anailís ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe agus roinn siad an méid a chonaic siad féin de riachtanais fhoghlama daltaí. D’aithin siad roinnt daltaí le riachtanais fhoghlama nach raibh i dteideal teagasc breise faoin seanmhúnla leithdháilte agus bhí an scoil in ann tacaíocht shuntasach a chur ar fáil do na daltaí sin anois gan gá le diagnóisiú gairmiúil. D’úsáid an scoil an modh comhairleoireachta mar chuid dá cur chuige réiteach fadhbanna ar idirghabhálacha a chomhaontú.

**Céim 2:**
**Spriocanna foghlama a leagan amach**
Fuair na múinteoirí go raibh cur chuige an Chontanaim Tacaíochta an-áisiúil chun idirghabhálacha a mheaitseáil le riachtanais daltaí. Lig an tionscadal píolótach don scoil an Contanam Tacaíochta a chur i bhfeidhm níos luaithe in aistear oideachais an dalta d’fhonn freastal go réamhghníomhach ar a riachtanais. Leagadh amach spriocanna tríd an gContanam Tacaíochta a úsáid mar threoir d’idirghabhálacha do dhaltaí, le béim ar liteartheacht, uimhearthacht, teanga agus riachtanais shóisialta agus iompraíochta. Trí na treoirlínte píolótacha a úsáid agus trí leas a bhaint as CPD i rith an tionscadail phíolótaigh, d’fheabhsaigh an scoil an caighdeán a bhain leis an tslí ar leagadh amach spriocanna. Dearadh a pleananna tacaíochta chun freastal ar riachtanais daltaí agus chun aitheantas a thabhairt dá gcuid iarrachtaí.

**Céim 3:**
**Modhanna agus cuir chuige múinteoireachta a leagan amach**
Mhéadaigh an scoil an bhéim a chuir sí ar riachtanais daltaí sna seomraí ranga príomhshrutha a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu mar chuid dá cur chuige ar an gContanam Tacaíochta. Tugadh tacaíocht do dhaltaí trí dhifreálú i ranganna príomhshrutha, teagasc tacaíochta sa rang agus grúpaí beaga a asbhaint. Maidir le cuir chuige teagaisc a phleanáil, thug na múinteoirí aird ar leith ar na hidirghabhálacha a mheaitseáil le riachtanais daltaí agus lena chinntiú gur lean leanúnachas agus dul chun cinn i bhfoghlaim daltaí as an teagasc. Corpraíodh spriocanna agus cuspóirí sonracha sa phleanáil, rud a chabhraigh leis an scoil an fhoghlaim a bhriseadh síos i gcéimeanna loighciúla agus incriminteacha a bhain le cumais agus riachtanais tosaíochta daltaí.

**Céim 4:**
**Cláir luath-idirghabhálacha agus choisctheacha a eagrú**
Bhí na múinteoirí rannpháirteach ar bhealach an-dearfach le NEPS agus SESS, agus bhí siad in ann teacht ar thacaíochtaí ar chláir a bhain le riachtanais aitheanta na scoile. Thug an scoil cláir isteach i rith na bliana píolótaí, mar shampla *Toe by Toe*, cláir fónaice, teagasc beacht, gnéithe de *Reading Recovery*, *Mata sa Rang*, grúpa Lego, scéalta sóisialta agus cuir chuige luath-idirghabhála agus il-chéadfacha.

**Céim 5:**
**Acmhainní teagaisc a eagrú agus a úsáid**

Chuir an scoil fáilte roimh an solúbthacht agus an neamhspleáchas gairmiúil a bhaineann leis an múnla leithdháilte a chuir ar a cumas idirghabháil a dhéanamh ag céim níos luaithe bunaithe ar riachtanais daltaí. Bhí an scoil in ann freagracht a shannadh chun aghaidh níos fearr a thabhairt ar riachtanais shonracha acadúla, teanga agus shóisialta. Agus iad ag déanamh athbhreithniú ar an tionscadal píolótach, chuir an fhoireann béim ar an ionchur dáiríre a rinne múinteoirí ranga maidir le riachtanais a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu go réamhghníomhach. Chinn na múinteoirí roinnt idirghabhálacha a thairiscint ag an leibhéal ranga agus cinn eile trí ghrúpaí beaga a asbhaint. D'úsáid an scoil solúbthacht an mhúnla agus cumarsáid mhaith le tuismitheoirí chun tacaíocht a chur ar fáil do líon níos mó daltaí.

**Céim 6:**
**Rianú agus taifeadadh**

Tháinig feabhas ar phleanáil agus measúnú do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais sa scoil agus chuir sin ar chumas na múinteoirí monatóireacht agus taifead a dhéanamh ar an dul chun cinn do dhaltaí trí réimse beart foirmiúil agus neamhfhoirmiúil a úsáid. Ag deireadh na bliana píolótaí, bhí múinteoirí in ann dul chun cinn sunatasach a léiriú, go háirithe maidir le hiompraíocht, scileanna sóisialta agus léitheoireacht.

## CÁS-STAIDÉAR 2: SCOIL B

Is scoil mhór do bhuachaillí i gceantar uirbeach ina bhfuil os cionn 400 dalta í Scoil B.

**Céim 1:**
**Daltaí le riachtanais speisialta oideachais a shainaithint**

Rinne an scoil iarracht a chinntiú go n-úsáideadh a hacmhinní múinteoireachta breise chun forbairt ar scoil uilechuimsitheach a éascú, agus go raibh an tacaíocht a cuireadh ar fáil do dhaltaí bunaithe ar a riachtanais aitheanta agus treoirithe ag athbhreithnithe rialta ar an dul chun cinn. Scrúdaíodh achoimrí ar thuarascálacha gairmiúla, seicliostaí múinteoirí, chomh maith le torthaí ar thrialacha caighdeánacha (Naíonáin Shinsearacha go dtí Rang 6). Chuathas i gcomhairle le tuismitheoirí nuair a bhí idirghabhálacha Tacaíochta Seomra Ranga á bpleanáil.

Baineadh úsáid as freagairt chéimnithe ag teacht leis an gContanam Tacaíochta. Chuaigh an leas-phríomhoide, mar an múinteoir acmhainní ceannais, i gcomhairle le múinteoirí ranga chun riachtanais a shainaithint agus chun fianaise dhóiciméadaithe a úsáid mar chomhartha d'aon athruithe a bhí le cur ar an soláthar. Baineadh úsáid as sin chun na múinteoirí nua a chur ar an eolas faoina gcuid riachtanas i mí an Mheithimh, mar ullmhúchán do Mheán Fómhair. Tríd an

gContanam Tacaíochta a úsáid, bhíothas in ann cinntí a dhéanamh níos luaithe maidir leis an tslí ab fhearr chun tacú le daltaí ina ranganna nua. Bhain an scoil úsáid as réimse níos leithne de thrialacha caighdeánaithe ná mar a baineadh cheana – MIST Dhroim Chonrach, Renfrew, NNRIT agus an triail *Mathematics Recovery* chun bunlínte a bhunú roimh idirghabháil agus ina diaidh. Bhain múinteoirí úsáid freisin as a seicliostaí féin maidir le hidirghabhálacha Tacaíochta Seomra Ranga.

**Céim 2:**

**Spriocanna foghlama a leagan amach**
D'oibrigh múinteoirí tacaíochta oideachais speisialta ar bhealach níos comhoibrithí lena chéile agus le múinteoirí ranga. Dhírigh múinteoirí ar phríomhréimsí teanga labhartha, scileanna sóisialta litearthachta agus uimhearthachta.

**Céim 3:**
**Modhanna agus cuir chuige teagaisc a phleanáil**

Rinne múinteoirí ranga idirchaidreamh leis na múinteoirí tacaíochta foghlama. Bhí siad in ann riachtanais fhoghlama a shainaithint go luath agus difreálú a úsáid go héifeachtach laistigh de ranganna príomhshrutha. Bhí obair foirne láidir mar bhua suntasach ag an scoil. D'oibrigh múinteoirí tacaíochta i gcomhar le múinteoirí ranga chun tacaíocht istigh sa rang a sholáthar. Tugadh isteach *Reading Recovery* agus an leabhar a tháinig uaidh, *Literacy Lift off,* sna Naíonáin Shinsearacha. Bhain baill foirne leas as CPD ábhartha ó na seirbhísí tacaíochta éagsúla trína bhforbraíonn scoileanna a n-acmhainneacht.

**Céim 4:**
**Cláir luath-idirghabhála agus choisctheacha a eagrú**

Mar thoradh ar chomhoibriú na múinteoirí, cuireadh béim níos airde ar thacaíocht bhreise a úsáid mar bheart coisctheach. Mar shampla, cuireadh idirghabhálacha ar fáil do dhaltaí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu, agus bunaíodh clubanna obair bhaile agus fichille mar ghníomhaíochta iarscoile. Bhain múinteoirí úsáid éifeachtach as treoirlínte NEPS do mhic léinn le deacrachtaí iompraíochta, sóisialta agus mothúchánacha. Tháinig feabhas ar an tacaíocht do dhaltaí níos óige mar thoradh ar rannpháirtíocht sa tionscadal píolótach agus tabhairt isteach *Aistear*. Thug an scoil nuálaíochtaí eile isteach, ina measc úsáid a bhaint as scéim léitheoireachta aonair agus cláir shaibhrithe, go háirithe i réimse na tuisceana, do gach dalta sna naíonáin shinsearacha. Mar chuid dá chlár luath-idirghabhála le naíonáin shóisearacha, roghnaíodh sraith shonrach daltaí le haghaidh teagaisc i ngrúpa beag, sa litearthacht agus san uimhearthacht, ar feadh suas le ar feadh/sa tréimhse ceithre seachtaine déag. Cuireadh *Maths Recovery* i bhfeidhm sa tréimhse ar feadh/sa tréimhse ceithre seachtaine déag le measúnuithe réamh-thástála agus iar-thástála. Cuireadh *Reading Recovery* i bhfeidhm agus rinneadh monatóireacht air thar thréimhse fiche seachtain. Cuireadh dian-idirghabhálacha ar fónaic (nascacht fuaime) ar fáil thar thréimhse ceithre go sé seachtaine tríd an ngrúpa Tacaíochta Foghlama Béarla.

**Céim 5:**
**Acmhainní teagaisc a eagrú agus a úsáid**

Thug an múnla saoirse don scoil cuir chuige nua a fhorbairt agus a leithdháileadh acmhainní a optamú. Bhain sin go háirithe le daltaí le deacrachtaí sóisialta agus mothúchánacha, ina measc daltaí a raibh imní ag dul dóibh. Rinneadh cinneadh chun foirne múinteoirí tacaíochta a chruthú a d'úsáidfeadh idirghabhálacha scoite, faoi theorainn ama, chun scileanna sóisialta a mhúineadh. D'úsáid an scoil meascán de bhuíonteagasc agus asbhaint le haghaidh Bhéarla agus Matamaitice, rud ar éirigh an-mhaith leis, agus baineadh úsáid as buíonteagasc istigh sa seomra ranga chun scileanna sóisialta a fhorbairt, agus as asbhaint grúpaí beaga chun múineadh príomhscileanna a threisiú.

**Céim 6:**
**Rianú agus taifeadadh**

D'fhorbair an scoil clár daltaí le cur síos soiléir ar an tslí ar tacaíodh leis na daltaí ar gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. I gcáipéis shimplí shoiléir, bhí an príomhoide agus an fhoireann riachtanais speisialta oideachais in ann monatóireacht a dhéanamh ar cá raibh daltaí ar an gContanam Tacaíochta. Mar thoradh air sin, tá feabhas tagtha ar choimeád taifead do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais. Bíonn níos mó comhairliúcháin ann idir múinteoirí ranga agus na múinteoirí tacaíochta foghlama. Tá leagan amach spriocanna níos cruinne. Tá athbhreithniú déanta ag an scoil ar an tslí a n-aistrítear faisnéis a bhaineann le gach rang ag tarraingt ar dheireadh gach scoilbhliana. Coimeádann gach múinteoir ranga comhad tacaíochta sonrach do dhaltaí sa rang. Tá samplaí d'obair na ndaltaí sna comhaid sin, chomh maith le measúnuithe gairmiúla, aiseolas ó dhaltaí agus leagan amach spriocanna sínithe ag tuismitheoirí, múinteoirí agus daltaí. Rinneadh coigeartú ar sheicliostaí ó threoirlínte Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta NEPS agus rinneadh iad a oiriniú de réir riachtanais na scoile.

Tionóltar cruinnithe le tuismitheoirí maidir le pleananna oideachais aonair (IEPanna) a cheapadh le linn chruinnithe idir tuismitheoirí agus múinteoirí i mí na Samhna. Ó glacadh leis an gcur chuige nua, socraíonn an scoil cruinnithe iarchúraim breise chun athbhreithniú a dhéanamh ar IEPanna i mí Aibreáin. Is mór ag tuismitheoirí na cruinnithe sin, agus cuirtear an bhéim ar athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn i litearthacht, uimhearthacht, iompraíocht agus forbairt shóisialta agus spriocanna IEP eile. Is 90% an ráta tinrimh ag tuismitheoirí ag na cruinnithe sin. Tionóltar cruinnithe neamhfhoirmiúla idir bhaill den fhoireann oideachais speisialta, múinteoirí ranga agus tuismitheoirí nuair is gá. Cruinnithe duine-le-duine nó ar an teileafón a bhíonn i gceist leis na cruinnithe sin.

**Aguisín 4: Sampla den tslí a d'fhéadfaí an múnla leithdháilte teagaisc oideachais speisialta athbhreithnithe a chur i bhfeidhm i suíomh scoile**

Is sampla oibrithe é seo den tslí a d'fhéadfaí an múnla leithdháilte a chur i bhfeidhm agus úsáid á baint as cás scoil náisiúnta mheasctha ina bhfuil 230 dalta. Baintear úsáid sa sampla seo as an teimpléad pleanála a thugtar i dTábla 2 de na Treoirlínte seo agus leanann na gníomhartha a moltar anseo.

Cé nach bhfuil sé indéanta gach cineál scoile agus suímh féideartha a thaispeáint, tá an sampla seo beartaithe a léiriú conas a d'fhéadfaí an múnla leithdháilte athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Cuirtear sampla d'amchlár ar fáil mar threoir agus mar threoir amháin agus ní chlúdaíonn an réimse iomlán roghanna féideartha.

Scoil mheasctha ina bhfuil 230 dalta ar an rolla. Leithdháileadh faoin múnla nua: 75 uair an chloig, triúr múinteoirí oideachais speisialta lánaimseartha.

| | |
|---|---|
| **Gníomh 1: Daltaí le riachtanais speisialta oideachais a shainaithint** | Athbhreithniú ar fhaisnéis reatha maidir le riachtnanais daltaí, ag úsáid sonraí scoilbhunaithe agus faisnéis ó ghairmithe seachtracha nuair is ann di. Scagthástáil bhreise agus bailiú sonraí breise a dhéanamh de réir mar is gá, ag úsáid cuir chuige measúnaithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla (e.g. trialacha caighdeánacha, trialacha diagnóisithe, faisnéis ar inniúlacht shóisialta agus mhothúchánach, etc.).<br><br>Nad daltaí **ar fad** a shainaithint ag gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. |

Is as plean soláthair na scoile na sleachta seo a leanas. Tugann siad samplaí de phleanáil soláthair ar gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta.

| Ainm an Dalta | **Rang** | **Cur Síos ar SEN** | **Béim na dTacaíochtaí**<br>Litearthacht, uimhearthacht, scileanna saoil, sóisialta, mothúchánacha agus iompraíochta | **Cineál Tacaíochta**<br>Tacaíocht sa seomra ranga, grúpa beag nó aonair, sa chlós scoile |
|---|---|---|---|---|
| Sam & Harry | Naíonáin Shóis. | Foghlaim | Réamhlitearthacht & uimhearthacht | Tacaíocht sa seomra ranga<br>Buíonteagasc / Tacaíocht istigh sa rang |
| Eva | Naíonáin Shin. | Iompraíocht | Tógáil sealanna, glacadh le ceartúchán | Tacaíocht sa seomra ranga |
| Tom, Robert & Emily | Naíonáin Shin. | Litearthacht | Litearthacht – scileanna fónaice | Tacaíocht sa seomra ranga<br>Buíonteagasc |
| Rebecca, Peter & Laura | 1 | Litearthacht | Cruinneas léitheoireachta | Tacaíochta Seomra Ranga<br>Buíonteagasc |
| Damien | 2 | Litearthacht<br>Uimhearthacht | Litriú, scríbhneoireacht láimhe, uimhearthacht (ríomh), uathoibríocht fíricí uimhreacha | Tacaíocht sa seomra ranga |
| Louise | 3 | Riachtanais de bharr caillteanas éisteachta éadrom | Oiriúnuithe timpeallachta<br>Riachtanais teanga | Tacaíocht sa seomra ranga |
| Oisín & Ethan | 4 | Iompraíocht & mothúchánach | Tacaíochtaí maidir le haird agus imní | Tacaíocht sa seomra ranga |
| John | 6 | Iompraíocht | Tacaíocht maidir le rialáil mhothúchánach, scéalta sóisialta | Tacaíocht sa seomra ranga |

*Léirítear plean Tacaíochta Scoile James faoi ghníomh 2 ar an gcéad leathanach eile.

| Tacaíocht Scoile | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ainm an dalta** | **Rang** | **Cur síos ar SEN** | **Béim Tacaíochta** | **Cineál Tacaíochta [3]** |
| James | Naíonáin Shin. | EAL | Tacaíocht teanga | Tacaíocht i ngrúpa beag, Tacaíocht istigh sa rang |
| Sinead | Rang 1 | Litearthacht | Léitheoireacht agus litriú | Teagasc stáisiúin |
| Peter | Rang 1 | Litearthacht | Léitheoireacht agus litriú | Teagasc stáisiúin |
| Carl | Rang 1 | Litearthacht | Léitheoireacht agus litriú | Teagasc stáisiúin |
| Fran | Rang 2 | Uimhearthacht | Suimiú agus dealú | Buíonteagasc, Tacaíocht i ngrúpa beag |
| Ciara | Rang 3 | Comhordú luaile | Scileanna mínluaile agus mórluaile | Tacaíocht i ngrúpa beag |
| Leigha | Rang 4 | Riachtanais de bharr dheacrachtaí teanga | Deacrachtaí sonracha le teanga ghlacach | Tacaíocht aonair ar dtús, agus i ngrúpa beag tar éis sin |
| Feargal | Rang 4 | Riachtanais de bharr ASD | Tuiscint léithreoireachta agus Féin-eagrú | Tacaíocht i ngrúpa beag |
| Simon | Rang 4 | Iompraíocht | Féinrialúchán agus aird | Tacaíocht i ngrúpa beag |
| Seán | Rang 4 | Iompraíocht | Féinrialúchán | Tacaíocht i ngrúpa beag |
| Matthew | Rang 6 | Riachtanais de bharr ASD | Féin-eagrú agus scileanna neamhspleáchais<br>Pleanáil don aistriú | Tacaíocht aonair, tacacíocht i ngrúpa beag |
| James* | Rang 6 | Litearthacht & folláine | Litearthacht | Tacaíocht aonair, teagasc piaraí agus tacaíocht i ngrúpa beag |

| **Gníomh 2: Spriocanna foghlama a leagan amach** | Bunaithe ar riachtnais aonair, leag amach spriocanna soiléire foghlama do gach dalta ar gach leibhéal den Chontanam Tacaíochta. |
|---|---|
| I gcás gach linbh le riachtanais aitheanta, ghin an scoil spriocanna don fhoghlaim agus leag amach iad i bPlean Tacaíochta. Féach Plean Tacaíochta James thíos. | |

**PLEAN TACAÍOCHTA***

*Tacaíocht Seomra Ranga*
***Tacaíocht Scoile*** √
*Tacaíocht Scoile Plus*

**Le comhlánú ag an múinteoir/na múinteoirí.**
Chun cabhair a fháil, féach *SEN: Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí: BESD: A Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí* lch.71-74*; Contanam Tacaíochta d'Iarbhunscoileanna, Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí,* lch. 51, 53, 54, 57.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm an dalta** | James Hickey | **Aois** | 11 bliana 6 mhí |
| **Múinteoir tosaigh** | An tUas. Ward (Múinteoir Rang 6) | **Rang/bliain** | 6ú |
| **Dáta thús an phlean** | Deireadh Fómhair 2017 | | |
| **Dáta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an phlean** | Feabh. 2018 | | |

[3] Faigheann gach dalta tacaíocht difreálaithe sa seomra ranga chomh maith.

**Láidreachtaí agus ábhair spéise an dalta**

Is aoibhinn le James spórt agus is iománaí maith é. Is gasúr cineálta, lách é, atá tuisceanach faoi riachtanais dhaoine eile. Tá James tiomanta chun a bheith rathúil agus déanann sé a dhícheall i gcónaí. Tá sé an-eolach agus díograiseach faoi spórt.

**Príomh-imní**

- Ní maith le James léamh os ard sa seomra ranga agus léann sé go fadálach agus go héiginnte.
- Tá deacrachtaí aige le léamhthuiscint agus bíonn fadhbanna aige ábhair ranga a léamh as a stuaim féin.
- Tá deacrachtaí móra aige le litriú agus seachnaíonn sé aon fhocal nach bhfuil a fhios aige an dóigh a litrítear é in obair scríofa.
- Tuigeann James a chuid deacrachtaí go han-mhaith agus is annamh a thugann sé faoi páirt a ghlacadh i gcomhráite ranga.

**Cúiseanna imní a d'fhéadfadh a bheith ann**

Tarlaíonn deacrachtaí James i gcomhthéacs dheacrachta ar leith liteartha a shainaithníodh. Tá moill ar aon idirghabháil go dtí an dáta seo dul i bhfeidhm ar a scileanna léitheoireachta agus litrithe. Tharla roinnt caillteanas ina shaol phearsanta freisin a chuaigh i bhfeidhm ar a mhuinín agus ar a fholláine.

**Spriocanna don dalta**

Go mbeidh James ábalta léamh as a stuaim féin ar mhaithe le pléisiúr ó réimse ábhar difreáilte.
Go n-ullmhóidh James sliocht gairid ag leibhéal a leabhar léitheoireachta, le léamh dá mhúinteoir ranga gach seachtain.
Go mbainfidh James amach cruinneas 80% ina thástáil pearsantaithe litrithe seachtainiúil.

**Straitéisí le tacaíocht a thabhairt don dalta chun na spriocanna a bhaint amach**

Beidh James páirteach i scéim léitheoireachta le páirtnéir – trí é a chur le dalta níos óige ná é (1 téarma).
Déanfaidh James clár léitheoireacht focal SNIP a chur i gcrích chun scileanna focail a léamh agus scileanna líofachta a ardú.
Spreagadh a thabhairt do James chun a thionscadal ranga a dhéanamh faoi ghné áirithe spóirt agus á chur i láthair i gcomhpháirt lena chara mór, Joseph.
Beidh leabhar nótaí ag James maidir le heochairfhocail, le haghaidh úsáid a bhaint as ar scoil agus sa bhaile.
Leanfaidh an múinteoir le difreáil a dhéanamh maidir le hobair bhaile litrithe agus obair James a mharcáil le béim ar litriú eochairfhocail amháin.
Spreagadh agus moladh a thabhairt go ciúin do James as a bheith páirteach i gcúrsaí an ranga.
Beidh James páirteach i rang cócaireachta seachtainiúil le grúpa beag lena féin-mhuinín agus muintearas leis an scoil a ardú.

**Baill foirne atá páirteach agus acmhainní atá de dhíth**

An tUas. Ward agus Bn. McMahon (féach an clár ama)

| | |
|---|---|
| **Síniú thuismitheora/-eoirí/ chaomhnóra/-nóirí** | |
| **Síniú an Mhúinteora** | |

| | |
|---|---|
| **Gníomh 5: Acmhainní teagaisc d'oideachas speisialta a eagrú agus a úsáid** | Déan crostagairt ar riachtanais daltaí ag leibhéil Tacaíochta Scoile agus Tacaíochta Scoile Plus agus déan machnamh ar na riachtanais chomhchoiteann a d'fhéadfadh freastal orthu trí ghrúpáil chun cuir chuige éifeachtacha agus éifeachtúla teagaisc agus foghlama a chinntiú.<br>Socraigh cén múinteoir/ cé hiad na múinteoirí a dhéanfaidh freastal ar na grúpaí seo agus cathain, agus cá háit a mbeidh an teagasc ar siúl. Bí ar an eolas faoin riachtanas go gcaithfidh na daltaí a bhfuil an leibhéal is airde riachtanais acu, an leibhéal is airde tacaíochta a fháil ó na múinteoirí a bhfuil an taithí ábhartha acu.<br>Déan machnamh ar ghníomhaíochtaí a chomhordú le cinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní teagaisc ag an am is iomchuí do na gníomhaíochtaí seo a bheith ar siúl. |

Tá triúir mhúinteoir oideachais speisialta sa scoil: Bn. McMahon, Bn. Doyle agus an tUas. O'Neill. Leagtar amach roinnt gnéithe de líon cásanna Bn. McMahon, mar aon le clár ama samplach:

Tá suim ar leith ag Bn. McMahon i luath-fhorbairt litearthachta agus thug sí faoi theagasc foirne le naíonáin shóisearacha faoi threoir *Cur Chuige Cothrom um Fhorbairt Litearthachta sna Luathbhlianta*.

D'aithin an scoil an tábhacht atá ann go gcaithfidh na daltaí a bhfuil an leibhéal is airde riachtanais acu, an leibhéal is airde tacaíochta a fháil. Mar sin, tugadh tacaíocht d'Adam, a bhfuil riachtanais shuntasacha aige, trí thacaíocht ar feadh uair an chloig sa seomra ranga gach maidin (roinnte le daltaí eile, ar ndóigh), agus trí 30 nóiméad am teagaisc aonair in aghaidh an lae, ina 2 nó 3 chuid de ghníomhaíochtaí deich nóiméid.

Fuair Kevin, a bhfuil riachtanais shóisialta, mhothúchánacha, agus iompraíochta aige, tacaíocht ag am sosa, a d'éascaigh a mhúinteoir a chuir a spriocanna iompraíochta i gcuimhne dó roimh dul amach dó. Thug ball foirne tacaíocht dó freisin le linn dhualgais chlóis. Cuireadh gach múinteoir ar an eolas chun treisiú straitéisí leanúnacha a chinntiú. Tugadh tacaíocht do Kevin trí sheisiúin ghairide ag deireadh an lae le cabhair a thabhairt dó machnamh a dhéanamh ar a iompar agus le hullmhú don chéad lá eile. Chun seo a éascú, bhí seisiún aonair aige le Bn. McMahon ón Luan go dtí an Chéadaoin. Gach tráthnóna Déardaoin, bhí sé páirteach i ngrúpa Lego chun scileanna sóisialta a fhorbairt. Gach tráthnóna Aoine, chuaigh sé isteach i ngrúpa cócaireachta/uimhearthachta phraiticiúla. Rinneadh athbhreithniú ar seo i ndiaidh théarma agus cuireadh an grúpa Lego ar fáil do dhaltaí eile a raibh riachtanais den chineál céanna acu.

| | |
|---|---|
| **Gníomh 3: Modhanna agus nósanna imeachta múinteoireachta a phleanáil** | Leibhéal agus cineál idirghabhála atá de dhíth a shainaithint chun spriocanna gach dalta ar an gContanam Tacaíochta a thabhairt i gcrích. Ba chóir do scoileanna machnamh a dhéanamh faoi na modheolaíochtaí is fearr a oireann d'ionchuimsiú lánbhrí amhail difreáil, grúpáil ilchineálach, teagasc foirne, teagasc do ghrúpaí beaga agus tacaíocht aonair, nuair is gá. Ba chóir dóibh bheith ar an eolas faoin ngá le hidirgabhálacha agus gur ghá tacaíochtaí a bheith fianaise-bhunaithe. |

Nuair a rinne an scoil machnamh ar riachtanais na ndaltaí, d'aithin siad roinnt príomhréimsí le haghaidh idirghabhála. Ina measc bhí:

- Rinneadh machnamh ar riachtanais shainaitheanta gach dalta ag Tacaíocht Scoile agus Tacaíocht Scoile Plus. Rinneadh grúpaí iomchuí agus péirí a shainaithint. Rinneadh roinnt daltaí a shainaithint le haghaidh tacaíocht aonair.
- Ag leibhéal naíonáin, measadh gurb é teagasc foirne an tacaíocht is iomchuí do formhór na ndaltaí.
- Sainaithníodh cnuasghrúpaí le riachtanais litearthachta sna meánranganna agus sna ranganna sinsearacha. Baineadh úsáid as idirghabhálacha fianaise-bhunaithe amhail *Léitheoireacht Beirte*, *SNIP*, agus *Toe by Toe*, mar is iomchuí. Bhain múinteoirí úsáid as an acmhainn litearthachta NEPS *Idirghabhálacha Éifeachtacha do Léitheoirí atá Ag Streachailt* mar threoir ar dhea-chleachtas.
- Sainaithníodh go raibh riachtanais shóisialta, mhothúcháin, agus iompair ag roinnt daltaí i ranganna 3 agus 4, lena n-áirítear dalta amháin a bhfuil siondróm Asperger air. Measadh

| |
|---|
| obair i ngrúpaí beaga agus tacaíocht sa seomra ranga a bheith mar mhodhanna éifeachtacha le tacaíocht a thabhairt do na daltaí sin.<br>• Bhí roinnt daltaí i ranganna 5 agus 6 a bhfuil tacaíocht ag teastáil uathu maidir le scileanna sóisialta, féinrialú agus eagrú de bharr riachtanais a bhaineann le ASD (neamhord de chuid speictream an uathachais). Bhí gá ann ullmhúchán agus pleanáil trasdula a thabhairt san áireamh do na daltaí sin sula d'aistrigh siad go hiar-bhunscoileanna. |

**Clár Ama samplach do Bn. McMahon***

| Am | Luan | Mairt | Céadaoin | Déardaoin | Aoine |
|---|---|---|---|---|---|
| 9.00-10.00 | Tacaíocht sa seomra ranga maidir le Teanga agus Litearthacht, Naíonáin Shóisearacha. Fócas ar Adam, Sam agus Harry. | | | | |
| 10.00-10.45 | Sinéad, Peter agus Carl Rang 1 Litearthacht | Sinéad, Peter agus Carl Rang 1 Litearthacht | Sinéad, Peter agus Carl Rang 1 Litearthacht | Sinéad, Peter agus Carl Rang 1 Litearthacht | Sinéad, Peter agus Carl Rang 1 Litearthacht |
| 10.45-11.00 | Sos | | | | |
| 11.00-11.30 | Adam (JI) | Adam (JI) | Adam (JI) | Adam (JI) | Adam (JI) |
| 11.30 - 12.00 | Teagasc Foirne Rang 2 | Teagasc Foirne Rang 2 | Teagasc Foirne Rang 2 | Teagasc Foirne Rang 2 | Teagasc Foirne Rang 2 |
| 12.00-12.30 | Daltaí Ranganna 5 agus 6; Léitheoireacht beirte le Adam, Sam agus Harry | James Rang 6 Litearthacht | Daltaí Ranganna 5 agus 6; Léitheoireacht beirte le Adam, Sam agus Harry | James Rang 6 Litearthacht | Daltaí Ranganna 5 agus 6; Léitheoireacht beirte le Adam, Sam agus Harry |
| 12.30- 1.00 | Lón | | | | |
| 1.00-1.45 | Leigha Rang 4 (fócas ar theanga ghlacach agus léamhthuiscint) | *FRIENDS for Life* Rang 4 | Leigha Rang 4 (fócas ar theanga ghlacach agus léamhthuiscint) | Rang a sé clár trasdula | Cócaireacht / uimhearthacht phraiticiúil/ scileanna sóisialta/féin-mheas a fhorbairt (Kevin, James, Philip, & Leigha) |
| 1.45-2.20 | Clár trasdula le grúpa beag | | Clár trasdula le grúpa beag | Grúpa Lego (scileanna teanga / sóisialta) Feargal, Kevin, & Leigha (Rang 4) | |
| 2.20-2.40 | Kevin Athbhreithniú lae | Kevin Athbhreithniú lae | Kevin Athbhreithniú lae | | |

*Is féidir le scoileanna am a choinneáil le peanáil agus athbhreithniú ar ghníomhaireachtaí a dhéanamh, le húsáid éifeachtach thacaíochtaí a chinntiú, agus iad ag imlonnú acmhainní teagaisc. Ba chóir am comhordaithe a choinneáil chomh híseal agus is féidir, leis an oiread am teagaisc agus is féidir a chinntiú.

| | |
|---|---|
| **Gníomh 6: Dul chun cinn a rianú agus taifead a dhéanamh air** | Cuir córas rianaithe agus taifeadta ar bun, lena chinntiú go ndéantar monatóireacht ar dhul chun cinn gach dalta maidir lena spriocanna bunaithe:<br>• **Ag leibhéal scoile uile** ag gach múinteoir<br>• **Ag leibhéal Tacaíochta Ranga an Chontanam** ag múinteoirí ranga agus trí chuir chuige scoile-uile |

| | |
|---|---|
| | • **Ag leibhéil Tacaíochta Scoile agus Tacaíochta Scoile Plus** ag múinteoirí ranga agus ag múinteoirí tacaíochta |
| Bhain an scoil úsáid as an gComhad Tacaíochta Dalta agus as an gContanam Tacaíochta le dul chun cinn a rianú agus a thaifeadadh.<br>Bhain múinteoirí úsáid as sonraí ranga agus scoile-uile le dul chun cinn daltaí a rianú agus a thaifeadadh | |

## Aguisín 5: Comhairle do scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna faoi cuir i bhfeidhm an mhúnla athbhreithnithe maidir le oideachas speisialta a imlonnú

### An Comhthéacs

Ba chóir d'oideachas Gaeilge soláthar a dhéanamh do riachtanais gach dalta, lena n-áirítear daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Freastalaíonn daltaí ó chúlraí éagsúla teangeolaíocha ar scoileanna Gaeilge, i gceantair Ghaeltachta agus Ghalltachta araon. Tá comhthéacsanna difriúla teangeolaíochta ann laistigh den Ghaeltacht agus lasmuigh di, agus laistigh agus lasmuigh de gach rang i scoileanna Gaeilge agus i scoileanna Gaeltachta. Ní mór do scoileanna na cúlraí sin a aithint agus a chur san áireamh sula leithdháiltear tacaíochtaí. Meabhraítear do scoileanna gur gá an aird chéanna a thabhairt ar fhorbairt inniúlacht litearthachta na ndaltaí sa Ghaeilge agus sa Bhéarla araon, de réir riachtanais oideachais na ndaltaí, i gcomhthéacs an oideachais Ghaeilge.

Chun tacú le cur chun feidhme an mhúnla athbhreithnithe leithdháilte, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna Gaeilge na nithe seo a leanas san áireamh:

- Ba chóir do phobail scoile a bheith ar an eolas faoina éifeachtaí agus a oiriúnaí atá an t-oideachas Gaeilge chun riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chomhlíonadh.
- Agus cur chuige scoile uile i leith na litearthachta á fhorbairt, ba chóir go gcuirfeadh scoileanna Gaeilge riachtanais shóisialta teanga agus riachtanais chognaíocha agus acadúla teanga na ndaltaí san áireamh.
- Ba chóir do scoileanna a mbeartais measúnaithe agus oideachais speisialta a athbhreithniú chun riachtanais oideachais daltaí a aithint sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhatamaitic ar na trialacha caighdeánacha cuí.

- Ba chóir do scoileanna torthaí na dtrialacha seo a úsáid chun riachtanais a aithint agus chun an próiseas leithdháilte acmhainní a threorú go cuí.
- Ba chóir do scoileanna cuid dá leithdháileadh a úsáid chun tacaíochtaí Gaeilge a sholáthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu nuair is gá sin chun fáil ar an gcuraclam ina iomláine a thabhairt do na daltaí sin.
- Tá sé seo tábhachtach go háirithe má aithnítear fadhb litearthachta i ndalta i Rang a hAon, tar éis dhá bhliain den tumoideachas.
- Is féidir go mba chabhair é clár tacaíochta teanga béil a dhréachtú, de réir riachtanais teangeolaíocha an dalta ag leibhéal na naíonán, ag díriú ar shealbhú agus saibhriú na teanga.
- Is léir ó chineálacha cur chuige múinteoireachta in-ranga agus buíonteagaisc gurb iad is éifeachtaí chun cláir den chineál seo a chur chun feidhme mar chur chuige luath-idirghabhála.
- I gcás scoileanna a chleachtann tumoideachas iomlán luath, ba chóir tacaíochtaí Gaeilge a chur ar fáil ag leibhéal na naíonán sa Ghaeilge agus sa Mhatamaitic.
- Ba chóir do scoileanna Gaeilge dul i mbun cumarsáide agus comhair ar leibhéal áitiúil chun a riachtanais leanúnacha forbartha gairmiúla a aithint maidir le hoideachas speisialta.
- Ba chóir na riachtanais sin a phlé leis na seirbhísí tacaíocht d'fhonn fáil a fháil ar oiliúint agus chun dea-chleachtas a aithint agus a chomhroinnt.

Nótáiltear i gCiorclán 0013/2017 na Roinne ar Leithdháileadh Múinteoireachta Oideachais Speisialta gur féidir an tacaíocht a thugann scoileanna Gaeilge do dhaltaí chun cabhrú le forbairt litearthachta daltaí a bheith i nGaeilge nó i mBéarla, nó i gcumasc den dá cheann, de réir mar a mheasann an scoil a bheith riachtanach.

**Aguisín 6: Ag Breathnú ar an Scoil Againne 2016 – Creat Cáilíochta do Bhunscoileanna (LAOS)**

Is féidir go dtabharfaidh na caighdeáin seo a leanas maidir le gnéithe teagaisc agus foghlama LAOS cúnamh ar leith do scoileanna agus iad ag soláthar do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

**Réimse: Taithí an Fhoghlaimeora**

**Ba chóir a chuir ar chumas gach dalta:**

- Dul i ngleic ar bhealach fiúntach le gníomhaíochtaí foghlama fónta.
- Fás mar fhoghlaimeoirí trí idirghníomhaíochtaí measúla agus taithí atá dúshlánach agus tacúil.
- Machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn mar fhoghlaimeoirí agus mothúchán úinéireachta agus freagrachta as a bhfoghlaim féin a fhorbairt.
- Deiseanna a fháil chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt a bhfuil gá leo le haghaidh fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

**Chun seo a bhaint amach, ba chóir do gach múinteoir:**

- Pleanáil le haghaidh daltaí a mheas maidir le cuspóirí foghlama an cheachta, nó sraith ceachtanna, atá beartaithe, a bhaint amach trí úsáid a bhaint as measúnú na foghlama agus measúnú chun foghlama.
- Taifid a choinneáil atá soiléir, úsáideach agus furasta a thuiscint agus a roinnt
- Difreáil fhiúntach a dhéanamh idir ábhar agus gníomhaíochtaí chun freastal ar riachtanais agus inniúlachtaí éagsúla dhaltaí

**<u>Aguisín 7: Ceistneoir féinmhachnamhach</u>**

## Seirbhísí Níos Fearr, Torthaí Níos Fearr do Pháistí le Riachtanais Speisialta Oideachais (riachtanais speisialta oideachais)
## Ceistneoir Féinmhachnamhach

Cuirtear an ceistneoir seo ar fáil mar áis do scoileanna don mhúnla leithdháilte athbhreithnithe. Tá an ceistneoir féinmhachnamhach deartha chun cuidiú le scoileanna agus le múinteoirí freastal ar na ceisteanna seo a leanas luaite sa *Treoir do Bhunscoileanna:*

- Conas is féidir le scoileanna an múnla leithdháilte a chur i bhfeidhm?
- Conas is féidir linn riachtanais dhaltaí a **<u>shainaithint</u>**?
- Conas is féidir linn na riachtanais seo a **<u>shásamh</u>**?
- Conas is féidir linn **<u>monatóireacht</u>** agus **<u>tuairisciú</u>** a dhéanamh ar fhorbairt?
- Cad é an dóigh is fearr do scoileanna a n-acmhainní a leithdháileadh lena riachtanais a shásamh?

Is leis an scoil an ceistneoir agus ba chóir é a úsáid mar cháipéis dhinimiciúil, fhorbarthach chun eolas a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm an mhúnla leithdháilte i scoileanna. Go hidéalach, ba chóir gur próiseas rannphháirteach é comhlánú an cheistneora laistigh den scoil agus ba chóir go bhfeidhmeodh an ceistneoir é féin mar spreagadh le haghaidh machnaimh agus plé. Léiríonn an ceistneoir eochair-theachtaireachta na dtreoirlínte agus i ngach rannóg tá noda mar cheisteanna chun múinteoirí a spreagadh a gcleachtais reatha a scrúdú agus chun aon athruithe a aithint atá de dhíth leis an múnla leithdháilte athbhreithnithe a chur i bhfeidhm. Seans fosta gur mhian le scoileanna an ceistneoir a leasú chun a bpolasaithe riachtanais speisialta oideachais a athbhreithniú nó chun a bhforbairt maidir le cur i bhfeidhm an mhúnla leithdháilte a mheas. Ní iarrtar ar scoileanna an ceistneoir a chur ar aghaidh chuig an Roinn ná chuig aon cheann dá gníomhaireachtaí.

## Conas is féidir linn riachtanais dhaltaí a shainaithint?

Conas a úsáideann muid an Contanam Tacaíochta agus Cáipéisí Tacaíochta Daltaí chun cur chuige céimnithe, doiciméadaithe, le haghaidh riachtanais dhaltaí a shainaithint, a sholáthar?

- *Cá huair a nglacann ár múinteoirí cinneadh Pleananna Tacaíochta Ranga a thosú?*
- *An bpléann muid le riachtanais aonair de réir réimse leathan, mar chuid de riachtanais acadúla, shóisialta, chumarsáide, mhothúchánacha, iompraíochta srl.?*
- *An ndéanann muid ceisteanna timpeallachta agus comhthéacsúla atá le leasú a shainaithint (ceisteanna a bhaineann le radharc, éisteacht, ceisteanna fisiceacha, céadfacha)?*
- *Cé chomh minic agus a dhéantar forbairt agus athbhreithniú ar phleananna tacaíochta agus cé ar chóir bheith páirteach sa phróiseas seo?*

Conas a bhailímid an t-eolas atá de dhíth orainn chun eolas a chur ar fáil dár gcinnteoireacht chun go mbeidh muid ábalta an leibhéal is fearr tacaíochta a chur ar fáil dóibh siúd leis na riachtanais is mó?

- *Cén taifid bhreathnaitheacha a chuidíonn linn riachtanais a shainaithint?*
- *Cén cineál measúnachtaí a chuidíonn linn riachtanais a shíothlú agus a shainaithint?*
- *Conas a imeascaimid eolas ó dhaltaí, tuismitheoirí, gairmithe seachtracha agus suíomhanna luath-oideachas chun cuidiú le riachtanais speisialta a shainaithint?*

| **Cad iad ár láidreachtaí?** | **Cá háit ar féidir linn feabhsú?** |
| --- | --- |
| | |

**Conas is féidir linn feabhsú?**

**Cad é atá ar bun againn mar fhoireann iomlán chun riachtanais a <u>shásamh</u>?**

Cad iad na céimeanna atá á nglacadh ag múinteoirí ranga lena mbundhualgas a chleachtadh ar mhaithe le foghlaim agus leas gach dalta ina rang?

- *An bhfuil gach múinteoir ag úsáid réimse de chur chuige múinteoireachta (il-chéadfach san áireamh) mar fhreagra ar riachtanais éagsúla?*
- *Cad iad na straitéisí a mbaintear úsáid astu ag leibhéal ranga chun constaicí ar fhoghlaim agus rannpháirtíocht a shárú?*
- *Conas a bhristear síos an fhoghlaim i gcéimeanna loighciúla in-bhainistithe chun dúshláin fhoghlama chuí a chinntiú do chách?*
- *Chuig cén leibhéal a bhfuil ceachtanna comhoibritheach, comhoibríoch agus praiticiúil?*
- *An bhfuil aon chaighdeáin nó ráitis dhea-chleachtais ó LAOS 2016 a bheadh úsáideach maidir le heispéiris agus torthaí foghlama níos fearr a sholáthar dár ndaltaí?*

Conas a chomhoibríonn múinteoirí riachtanais speisialta oideachais agus múinteoirí ranga chun riachtanais agus forbairt daltaí a shásamh?

- *An mbaineann muid úsáid as clár luathidirghabhála inár ngnáthsheomraí ranga tríd an scoil?*
- *Conas a thacaíonn múinteoirí riachtanais speisialta oideachais le múinteoirí ranga le tacaíocht sa rang, aistarraingt ghrúpa agus aonair?*
- *Conas a chomhoibríonn an fhoireann iomlán le chéile chun tacú le daltaí le riachtanais shóisialta, mhothúchánacha agus iompraíochta?*

| **Cad iad ár láidreachtaí?** | **Cá háit ar féidir linn feabhsú?** |
|---|---|
| | |

| **Conas is féidir linn feabhsú?** |
|---|
| |

## Conas is féidir linn <u>monatóireacht agus tuairisciú</u> a dhéanamh ar an dul chun cinn?

An bhfuil muid ag úsáid cur chuige timthriallach réiteach fadhbanna maidir le pleanáil, teagasc agus athbhreithniú a léiríonn spriocanna soiléire a bhaineann le príomh-riachtanais fhoghlama ár ndaltaí?

- *Conas a dhéanaimid spriocanna a leagan síos agus pleananna a dhearadh dár ndaltaí a aithníonn riachtanais agus ar féidir monatóireacht agus taifead a dhéanamh orthu?*
- *Conas a chinntímid go mbíonn forbairt ar spriocanna incriminteach do dhaltaí thar thréimhse ama?*
- *Conas is féidir linn éifeacht na gclár / na n-idirghabhálacha a úsáideann muid a mheas?*
- *Conas a dhéanaimid monatóireacht ag leibhéal grúpa, ranga, agus scoile uile?*
- *An féidir linn a bheith nuálach agus cur lenár gcleachtais?*

Cé leis a dtéann muid i gcomhairle agus cad é atá i gceist leis an monatóireacht ar thorthaí / ar an dul chun cinn?

- *Conas a thugaimid ar thuismitheoirí agus daltaí bheith páirteach sa mhonatóireacht ar an dul chun cinn?*
- *Conas a roinnimid eolas maidir leis na forbairtí atá déanta ag ár ndaltaí?*

| **Cad iad ár láidreachtaí?** | **Cá háit ar féidir linn feabhsú?** |
|---|---|
| | |

| **Conas is féidir linn feabhsú?** |
|---|
| |

| **Cad é an dóigh is fearr dár scoil a hacmhainní a leithdháileadh le riachtanais na ndaltaí a shásamh?** | |
|---|---|
| Conas a dhéanaimid riachtanais gach dalta le riachtanais speisialta oideachais sa scoil a shainaithint agus cur chuige an Chontanaim Tacaíochta a úsáid chun cinntiú go ndéantar an leibhéal is fearr tacaíochta a sholáthar do dhaltaí a bhfuil na riachtanais is mó acu?<br>• *An mbeadh muid ábalta ár dtacaíocht do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais a thomhais agus a eagrú trí húsáid Plean Soláthair Scoile (Aguisín 2)?*<br>• *Agus pleananna tacaíochta á ndearadh againn, conas a úsáideann muid an Contanam chun príomh-riachtanais fhoghlama a shainaithint ag gach ceann de na trí leibhéal (Tacaíocht Ranga, Tacaíocht Scoile, agus Tacaíocht Scoile Plus)?*<br>• *Cad iad na cineálacha de chur chuige agus idirghabháil atá in úsáid againn agus leibhéal uile-scoile chun tacú le luathidirghabháil agus le seachaint?*<br><br>Conas is féidir linn na roghanna is fearr i dtaca le róil agus freagrachtaí a dhéanamh maidir le tacaíocht a sholáthar do dhaltaí, monatóireacht ar an dul chun cinn agus bheith ag cur le pleananna do dhaltaí don todhchaí?<br>• *Conas is féidir linn freagrachtaí reatha na múinteoirí acmhainne agus tacaíochta foghlama a chur le chéile, agus cur chuige foirne oideachais speisialta?*<br>• *An féidir linn idirghabhálacha a thráthchlárú agus a chomhordú go héifeachtúil le tagairt do:*<br>    o *áiseanna atá ar fáil (cur chuige sa rang, obair ghrúpa agus íosmhéid asbhainte aonair)?*<br>    o *Leanúnachas tacaíochta (agus sraith de mhúinteoirí difriúla ag dalta a sheachaint)?*<br>    o *Riachtanais shainiúla daltaí?* | |
| **Cad iad ár láidreachtaí?** | **Cá háit ar féidir linn feabhsú?** |
| | |
| **Conas is féidir linn feabhsú?** | |
| | |

**Conas is féidir lenár scoil pleanáil ag leibhéal scoile uile a dhéanamh chun soláthar éifeachtúil do dhaltaí le riachtanais speisialta oideachais a chinntiú?**

Conas a dhéanaimid pleanáil ag leibhéal scoile uile chun riachtanais daltaí le riachtanais speisialta oideachais a shásamh?

- *Conas a dhéanaimid cur chuige uilechuimsitheach a chothú chun freastal ar éagsúlacht riachtanas inár scoil?*
- *An ndearnamar athbhreithniú ar ár riachtanais fhorbartha gairmiúla leanúnaí, le tagairt do chaighdeán teagaisc agus foghlama sa ghnáthsheomra ranga agus sa suíomh tacaíocht oideachais speisialta araon?*
- *Conas a théimid i gcomhairle le tuismitheoirí maidir leis na tacaíochtaí agus straitéisí atá in úsáid inár scoil?*
- *Conas a chothaímid rannpháirtíocht daltaí, agus páirtíocht ina bhfoghlaim, agus i saol na scoile?*
- *An bhfuil modhanna / prótacail le haghaidh teagmhála le seirbhísí tacaíochta curtha ar bun againn?*

| **Cad iad ár láidreachtaí?** | **Cá háit ar féidir linn feabhsú?** |
|---|---|
| | |

**Conas is féidir linn feabhsú?**

**Aguisín 8: Rannpháirtíocht Tuismitheoirí**



Ar mhachnamh agus athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtas reatha scoile maidir le rannpháirtíocht tuismitheoirí a spreagadh, ba chóir na pointí seo a leanas a chur san áireamh, ó thaobh gníomhaíochtaí **reatha** agus **sa todhchaí** araon:



- Conas a théann an scoil i gcomhairle le tuismitheoirí agus conas a chuirtear ar an eolas iad faoi sholáthar agus polasaí i dtaobh riachtanais speisialta oideachais sa scoil?
- Conas a théann an scoil i gcomhairle le tuismitheoirí nuair a mholtar tacaíochtaí oideachais speisialta dá leanbh (mar shampla Tacaíocht Ranga/Tacaíocht Scoile/Tacaíocht Scoile Plus)?
- An dtéimid i gcomhairle le tuismitheoirí ag gach leibhéal próisis an Chontanaim Tacaíochta?
- Cá mhéad cumarsáide rialta a n-éascaítear le tuismitheoirí a bhfuil leanbh le riachtanais speisialta oideachais acu?
- Cad iad na bacainní a d'fhéadfadh bac a chur ar thuismitheoirí a bheith go hiomlán rannpháirteach maidir le tacaíocht a thabhairt dá leanbh ar scoil? Cad a d'fhéadfadh a bheith ina chabhair chun na bacainní sin a shárú?
- An gcuirimid deiseanna ar fáil do thuismitheoirí níos mó a fhoghlaim faoi cheisteanna a bhaineann le hoideachas speisialta trí theagmháil le gníomhaireachtaí agus seirbhísí eile?
- Conas is féidir linn tacaíocht a thabhairt do bhaill foirne dul i ngleic go héifeachtúil le tuismitheoirí?


## Cáipéisí Acmhainní

| Is féidir gur mian le scoileanna na hacmhainní seo a leanas a aimsiú chun freastal ar riachtanais éagsúla a ndaltaí | |
|---|---|
| Riachtanais Speisialta Oideachais: Contanam Tacaíochta: Treoirlínte do Mhúinteoirí & Pacáiste Acmhainní do Mhúinteoirí<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_special_needs_guidelines.pdf<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_special_needs_resource_pack.pdf |  |
| Deacrachtaí Iompraíochta, Mothúchánacha agus Sóisialta: Contanam Tacaíochta – Treoirlínte do Mhúinteoirí<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-Educational-Psychological-Service-NEPS-/neps_besd_continuum_teacher_guide.pdf<br>Le haghaidh Bileog Eolais a Thugann Achoimre ar Thacaíocht a Thabhairt do Leanaí i mBunscoileanna<br>www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Resources-Guidance/sped_guidelines_pupils_difficulties_p.pdf |  |

<table>
<tr>
<td>Measúnú i gCuraclam na mBunscoileanna: Treoirlínte do Mhúinteoirí<br><br>www.ncca.ie/uploadedfiles/publications/assess%20%20guide.pdf</td>
<td>
</td>
</tr>
<tr>
<td>Treoirlínte le haghaidh Tacaíochta Foghlama<br><br>www.sess.ie/sites/default/files/Learning%20Support%20Guidelines.pdf</td>
<td>
</td>
</tr>
<tr>
<td>Folláine i mBunscoileanna<br><br>www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Well-Being-in-Primary-Schools-Guidelines-for-Mental-Health-Promotion.pdf</td>
<td>
</td>
</tr>
<tr>
<td>Idirghabhálacha Éifeachtúla do Léitheoirí a bhfuil Deacrachtaí acu<br><br>www.education.ie/en/Education-Staff/Information/NEPS-Literacy-Resource/neps_literacy_good_practice_guide.pdf</td>
<td>
</td>
</tr>
</table>

| | |
|---|---|
| Creat maidir le hOideachas Uilechuimsitheach<br><br>[ncse.ie/inclusive-education-framework](ncse.ie/inclusive-education-framework) |  |
| **Treoirlínte ar an bPróiseas um Plean Oideachais Aonair**<br><br>[ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/IEPReport.pdf](ncse.ie/wp-content/uploads/2014/10/IEPReport.pdf) |  |
| *Comhad Tacaíochta Dalta*<br><br>[www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-educational-Psychological-Service-NEPS-/student-Support-File-Form.docx](www.education.ie/en/Schools-Colleges/Services/National-educational-Psychological-Service-NEPS-/student-Support-File-Form.docx) |  |
| Táscairí<br><br>[www.sess.ie/categories](www.sess.ie/categories) |  |

| | |
|---|---|
| ***Craoladh gréasáin***<br><br>[www.sess.ie/resources/metacognition](www.sess.ie/resources/metacognition) | SPECIAL EDUCATION<br>SUPPORT SERVICE<br>*building on ability*<br><br>The Metacognitive Teacher and Learner:<br>An Introduction to<br>Metacognition in the Classroom |
| *Leabhair ar Iasacht ar Líne SESS*<br><br>[www.sess.ie/sess-book-borrowing](www.sess.ie/sess-book-borrowing) |  |
| *Uirlis Rochtana Curaclaim do Dhaltaí le GLD (CAT-GLD)*<br><br>[cat.sess.ie/tool](cat.sess.ie/tool) |  |
| Functional Language and Communication Resource<br><br>[www.sess.ie/sess-functional-language-and-communication-resource-0](www.sess.ie/sess-functional-language-and-communication-resource-0) | SPECIAL EDUCATION<br>SUPPORT SERVICE<br>*building on ability*<br><br>SESS Functional Language &<br>Communication Resource |

<table>
<tr>
<td>Acmhainní SESS<br><br>www.sess.ie/resources</td>
<td>
</td>
</tr>
<tr>
<td>Suíomh gréasáin SESS<br><br>www.sess.ie</td>
<td>
</td>
</tr>
</table>